January Saturday 1 Sunday 2 Monday 3 Tuesday 4 Wednesday 5 Thursday 6 Friday 7 Saturday 8 Sunday 9 Monday 10 Tuesday 11 Wednesday 12 Thursday 13 Friday 14 Saturday 15 Sunday 16 Monday 17 Tuesday 18 Wednesday 19 Thursday 20 Friday 21 Saturday 22 Sunday 23 Monday 24 Tuesday 25 Wednesday 26 Thursday 27 Friday 28 Saturday 29 Sunday 30 Monday 31 February Tuesday 1 Wednesday 2 Thursday 3 Friday 4 Saturday 5 Sunday 6 Monday 7 Tuesday 8 Wednesday 9 Thursday 10 Friday 11 Saturday 12 Sunday 13 Monday 14 Tuesday 15 Wednesday 16 Thursday 17 Friday 18 Saturday 19 Sunday 20 Monday 21 Tuesday 22 Wednesday 23 Thursday 24 Friday 25 Saturday 26 Sunday 27 Monday 28 March Saturday 1 Sunday 2 Monday 3 Tuesday 4 Wednesday 5 Thursday 6 Friday 7 Saturday 8 Sunday 9 Monday 10 Tuesday 11 Wednesday 12 Thursday 13 Friday 14 Saturday 15 Sunday 16 Monday 17 Tuesday 18 Wednesday 19 Thursday 20 Friday 21 Saturday 22 Sunday 23 Monday 24 Tuesday 25 Wednesday 26 Thursday 27 Friday 28 Saturday 29 Sunday 30 Monday 31 April Tuesday 1 Wednesday 2 Thursday 3 Friday 4 Saturday 5 Sunday 6 Monday 7 Tuesday 8 Wednesday 9 Thursday 10 Friday 11 Saturday 12 Sunday 13 Monday 14 Tuesday 15 Wednesday 16 Thursday 17 Friday 18 Saturday 19 Sunday 20 Monday 21 Tuesday 22 Wednesday 23 Thursday 24 Friday 25 Saturday 26 Sunday 27 Monday 28 Tuesday 29 Wednesday 30 Thursday 31 May Saturday 1 Sunday 2 Monday 3 Tuesday 4 Wednesday 5 Thursday 6 Friday 7 Saturday 8 Sunday 9 Monday 10 Tuesday 11 Wednesday 12 Thursday 13 Friday 14 Saturday 15 Sunday 16 Monday 17 Tuesday 18 Wednesday 19 Thursday 20 Friday 21 Saturday 22 Sunday 23 Monday 24 Tuesday 25 Wednesday 26 Thursday 27 Friday 28 Saturday 29 Sunday 30 Monday 31 June Saturday 1 Sunday 2 Monday 3 Tuesday 4 Wednesday 5 Thursday 6 Friday 7 Saturday 8 Sunday 9 Monday 10 Tuesday 11 Wednesday 12 Thursday 13 Friday 14 Saturday 15 Sunday 16 Monday 17 Tuesday 18 Wednesday 19 Thursday 20 Friday 21 Saturday 22 Sunday 23 Monday 24 Tuesday 25 Wednesday 26 Thursday 27 Friday 28 Saturday 29 Sunday 30 July Saturday 1 Sunday 2 Monday 3 Tuesday 4 Wednesday 5 Thursday 6 Friday 7 Saturday 8 Sunday 9 Monday 10 Tuesday 11 Wednesday 12 Thursday 13 Friday 14 Saturday 15 Sunday 16 Monday 17 Tuesday 18 Wednesday 19 Thursday 20 Friday 21 Saturday 22 Sunday 23 Monday 24 Tuesday 25 Wednesday 26 Thursday 27 Friday 28 Saturday 29 Sunday 30 Monday 31 August Saturday 1 Sunday 2 Monday 3 Tuesday 4 Wednesday 5 Thursday 6 Friday 7 Saturday 8 Sunday 9 Monday 10 Tuesday 11 Wednesday 12 Thursday 13 Friday 14 Saturday 15 Sunday 16 Monday 17 Tuesday 18 Wednesday 19 Thursday 20 Friday 21 Saturday 22 Sunday 23 Monday 24 Tuesday 25 Wednesday 26 Thursday 27 Friday 28 Saturday 29 Sunday 30 September Saturday 1 Sunday 2 Monday 3 Tuesday 4 Wednesday 5 Thursday 6 Friday 7 Saturday 8 Sunday 9 Monday 10 Tuesday 11 Wednesday 12 Thursday 13 Friday 14 Saturday 15 Sunday 16 Monday 17 Tuesday 18 Wednesday 19 Thursday 20 Friday 21 Saturday 22 Sunday 23 Monday 24 Tuesday 25 Wednesday 26 Thursday 27 Friday 28 Saturday 29 Sunday 30 October Saturday 1 Sunday 2 Monday 3 Tuesday 4 Wednesday 5 Thursday 6 Friday 7 Saturday 8 Sunday 9 Monday 10 Tuesday 11 Wednesday 12 Thursday 13 Friday 14 Saturday 15 Sunday 16 Monday 17 Tuesday 18 Wednesday 19 Thursday 20 Friday 21 Saturday 22 Sunday 23 Monday 24 Tuesday 25 Wednesday 26 Thursday 27 Friday 28 Saturday 29 Sunday 30 Monday 31 November Saturday 1 Sunday 2 Monday 3 Tuesday 4 Wednesday 5 Thursday 6 Friday 7 Saturday 8 Sunday 9 Monday 10 Tuesday 11 Wednesday 12 Thursday 13 Friday

Annual Report

59

Tuarascáil Bhliantúil

Year ended 31st December 2006

Bliain dar chríoch 31ú Nollaig 2006

Eanáir Satharn 1 Domhnach 2 Luan 3 Máirt 4 Céadaoin 5 Déardaoin 6 Aoine 7 Satharn 8 Domhnach 9 Luan 10 Máirt 11 Céadaoin 12 Déardaoin 13 Aoine 14 Satharn 15 Domhnach 16 Luan 17 Máirt 18 Céadaoin 19 Déardaoin 20 Aoine 21 Satharn 22 Domhnach 23 Luan 24 Máirt 25 Céadaoin 26 Déardaoin 27 Aoine 28 Satharn 29 Domhnach 30 Luan 31 Feabhra Satharn 1 Domhnach 2 Luan 3 Máirt 4 Céadaoin 5 Déardaoin 6 Aoine 7 Satharn 8 Domhnach 9 Luan 10 Máirt 11 Céadaoin 12 Déardaoin 13 Aoine 14 Satharn 15 Domhnach 16 Luan 17 Máirt 18 Céadaoin 19 Déardaoin 20 Aoine 21 Satharn 22 Domhnach 23 Luan 24 Máirt 25 Céadaoin 26 Déardaoin 27 Aoine 28 Márta Satharn 1 Domhnach 2 Luan 3 Máirt 4 Céadaoin 5 Déardaoin 6 Aoine 7 Satharn 8 Domhnach 9 Luan 10 Máirt 11 Céadaoin 12 Déardaoin 13 Aoine 14 Satharn 15 Domhnach 16 Luan 17 Máirt 18 Céadaoin 19 Déardaoin 20 Aoine 21 Satharn 22 Domhnach 23 Luan 24 Máirt 25 Céadaoin 26 Déardaoin 27 Aoine 28 Satharn 29 Domhnach 30 Luan 31 Aibreán Satharn 1 Domhnach 2 Luan 3 Máirt 4 Céadaoin 5 Déardaoin 6 Aoine 7 Satharn 8 Domhnach 9 Luan 10 Máirt 11 Céadaoin 12 Déardaoin 13 Aoine 14 Satharn 15 Domhnach 16 Luan 17 Máirt 18 Céadaoin 19 Déardaoin 20 Aoine 21 Satharn 22 Domhnach 23 Luan 24 Máirt 25 Céadaoin 26 Déardaoin 27 Aoine 28 Satharn 29 Domhnach 30 Bealtaine Satharn 1 Domhnach 2 Luan 3 Máirt 4 Céadaoin 5 Déardaoin 6 Aoine 7 Satharn 8 Domhnach 9 Luan 10 Máirt 11 Céadaoin 12 Déardaoin 13 Aoine 14 Satharn 15 Domhnach 16 Luan 17 Máirt 18 Céadaoin 19 Déardaoin 20 Aoine 21 Satharn 22 Domhnach 23 Luan 24 Máirt 25 Céadaoin 26 Déardaoin 27 Aoine 28 Satharn 29 Domhnach 30 Luan 31 Meitheamh Satharn 1 Domhnach 2 Luan 3 Máirt 4 Céadaoin 5 Déardaoin 6 Aoine 7 Satharn 8 Domhnach 9 Luan 10 Máirt 11 Céadaoin 12 Déardaoin 13 Aoine 14 Satharn 15 Domhnach 16 Luan 17 Máirt 18 Céadaoin 19 Déardaoin 20 Aoine 21 Satharn 22 Domhnach 23 Luan 24 Máirt 25 Céadaoin 26 Déardaoin 27 Aoine 28 Satharn 29 Domhnach 30 Iúil Satharn 1 Domhnach 2 Luan 3 Máirt 4 Céadaoin 5 Déardaoin 6 Aoine 7 Satharn 8 Domhnach 9 Luan 10 Máirt 11 Céadaoin 12 Déardaoin 13 Aoine 14 Satharn 15 Domhnach 16 Luan 17 Máirt 18 Céadaoin 19 Déardaoin 20 Aoine 21 Satharn 22 Domhnach 23 Luan 24 Máirt 25 Céadaoin 26 Déardaoin 27 Aoine 28 Satharn 29 Domhnach 30 Luan 31 Lúnasa Satharn 1 Domhnach 2 Luan 3 Máirt 4 Céadaoin 5 Déardaoin 6 Aoine 7 Satharn 8 Domhnach 9 Luan 10 Máirt 11 Céadaoin 12 Déardaoin 13 Aoine 14 Satharn 15 Domhnach 16 Luan 17 Máirt 18 Céadaoin 19 Déardaoin 20 Aoine 21 Satharn 22 Domhnach 23 Luan 24 Máirt 25 Céadaoin 26 Déardaoin 27 Aoine 28 Satharn 29 Domhnach 30 Luan 31 Meán Fómhair Satharn 1 Domhnach 2 Luan 3 Máirt 4 Céadaoin 5 Déardaoin 6 Aoine 7 Satharn 8 Domhnach 9 Luan 10 Máirt 11 Céadaoin 12 Déardaoin 13 Aoine 14 Satharn 15 Domhnach 16 Luan 17 Máirt 18 Céadaoin 19 Déardaoin 20 Aoine 21 Satharn 22 Domhnach 23 Luan 24 Máirt 25 Céadaoin 26 Déardaoin 27 Aoine 28 Satharn 29 Domhnach 30 Deireadh Fómhair Satharn 1 Domhnach 2 Luan 3 Máirt 4 Céadaoin 5 Déardaoin 6 Aoine 7 Satharn 8 Domhnach 9 Luan 10 Máirt 11 Céadaoin 12 Déardaoin 13 Aoine 1 '0 Aoine 21 Satharn 22 Domhnach 23 Luan 24 Máirt 25 Céadaoin 26 Déardaoin 27 Aoine 28 Satharn 29 Domhnach 30 Luan 31 Samhain Satha arn 8 Domhnach 9 Luan 10 Máirt 11 Céadaoin 12 Déardaoin 13 Aoine 14 Satharn 15 Domhnach 16 Luan 17 Máirt 18 Céadaoin 19 Déardaoin 20 A daoin 27 Aoine 28 Satharn 29 Domhnach 30 mí na Nollag Satharn

AN CHOMHAIRLE LEABHARLANNA
The Library Council

Members of An Chomhairle pictured with The Director: (back row, l-r) Dónall Ó Luanaigh; John Fitzgerald; Luie MacEntire; Robin Adams; Cha O'Neill; Richard Lennon; Cora Long; Ruth Flanagan; Deirdre Ellis-King; Michael Abbey; Norma McDermott, and Beatric Doran.

Baill den Chomhairle leis an Stiúrthóir: (an tsraith chúil, ó chlé go deis) Dónall Ó Luanaigh; John Fitzgerald; Luie MacEntire; Robin Adams; Cha O'Neill; Richard Lennon; Cora Long; Ruth Flanagan; Deirdre Ellis-King; Michael Abbey; Norma McDermott, agus Beatrice Doran.

Bishopstown branch library, Cork City

Leabharlann chraoibhe Bhaile an Easpaig, Cathair Chorcaí



Birr branch library, County Offaly

Leabharlann chraoibhe Bhiorra, Contae Uíbh Fhailí

Children's area, The Source Central Library and Arts Centre, Tipperary

Limistéar na bPáistí, Leabharlann Lárnach agus Lárionad Ealaíon na Foinse, Tiobraid Árann

At the launch of the Ordnance Survey Historic Maps service were Geraldine Tallon (Department of the Environment, Heritage and Local Government); Mary Reynolds (Longford County Library), and Noel Crowley (Clare County Library).

Ag an seoladh de sheirbhís Léarscáileanna Stairiúla na Suirbhéireachta Ordanáis bhí Geraldine Tallon (An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta, agus Rialtais Áitiúil); Mary Reynolds (Leabharlann Chontae an Longfoirt), agus Noel Crowley (Leabharlann Chontae an Chláir).

Brian Johnston Library, Cavan

Leabharlann Brian Johnston, An Cabhán

Tara Doyle (Dublin City Libraries); Norma McDermott; Deirdre Ellis-King (Dublin City Libraries), and Philip Maguire (Dublin City Council) at the launch of the Ordnance Survey Historic Maps service.

Tara Doyle (Leabharlanna Chathair Bhaile Átha Cliath); Norma McDermott; Deirdre Ellis-King (Leabharlanna Chathair Bhaile Átha Cliath), agus Philip Maguire (Comhairle Chathair Bhaile Átha Cliath) ag an seoladh de sheirbhís Léarscáileanna Stairiúla na Suirbhéireachta Ordanáis.

(l-r) Deirdre Ellis-King, Norma McDermott, Donal Ó Luanaigh, Richard Lennon, and Ruth Flanagan.

(ó chlé go deis) Deirdre Ellis-King, Norma McDermott, Donall Ó Luanaigh, Richard Lennon, agus Ruth Flanagan.

Norma McDermott with Senator Maurice Hayes, at the Pathways to Learning conference.

Norma McDermott leis an Seanadóir Maurice Hayes, ag an gcomhdháil 'Bealaí chun na Foghlama'.

An Chomhairle Leabharlanna

59th Annual Report
For the year ending 31st December 2006

An Naoú Tuarascáil Bhliantúil is Caoga
Don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2006

AN CHOMHAIRLE LEABHARLANNA
The Library Council

Members · Na Baill

Chairman
– Mr Seán Ryan

Nominees of the Minister for the Environment, Heritage and Local Government
– Cllr. Denis Bourke
– Cllr. Cora Long

Nominee of the Association of Municipal Authorities of Ireland
– Cllr. Laurence O'Neill

Nominee of the General Council of County Councils
– Cllr. Luie McEntire

Nominees of the Higher Education Authority
– Ms Beatrice Doran
– Mr John Fitzgerald
– Mr Richard Lennon

Nominees of the Library Association of Ireland
– Mrs Deirdre Ellis-King
– Ms Ruth Flanagan

Nominee of the Local Authority Members' Association
– Cllr. Michael Abbey

Nominee of the Council of Trustees of the National Library of Ireland
– Mr Dónall Ó Luanaigh (to april 2006)

Nominee of the Board of Trinity College, Dublin
– Mr Robin Adams

Cathaoirleach
– Seán Ryan

Ainmnithigh an Aire Chomhshaoil agus Rialtais Áitiúil
– An Comhairleoir Denis Bourke
– An Comhairleoir Cora Long

Ainmnitheach Chumann Údaráis Bhailte na hÉireann
– An Comhairleoir Laurence O'Neill

Ainmnitheach Ard-Chomhairle na gComhairlí Contae
– An Comhairleoir Luie McEntire

Ainmnithigh an Údaráis um Ard-Oideachais
– Beatrice Doran
– John Fitzgerald
– Richard Lennon

Ainmnithigh Chumann Leabharlanna na hÉireann
– Deirdre Ellis-King
– Ruth Flanagan

Ainmnitheach Chumann Bhaill na nÚdarás Áitiúil
– An Comhairleoir Michael Abbey

Ainmnitheach Chomhairle Iontaobhaithe Leabharlann Náisiúnta na hÉireann
– Dónall Ó Luanaigh (go hAibreán 2006)

Ainmnitheach Bhord Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
– Robin Adams

Mission Statement · Ráiteas Misin

‘An Chomhairle Leabharlanna supports the continuing development of public libraries in Ireland and promotes co-operation in the Irish library and information services sector. We are committed to the enhancement of the role of libraries in the enrichment of our society.’

‘Tacaíonn an Chomhairle Leabharlanna le forbairt leanúnach na leabharlanna poiblí in Éirinn agus cothaíonn sí comhoibriú in earnáil sheirbhísí leabharlainne agus faisnéise na hÉireann. Táimid tiomanta do ról na leabharlanna i saibhriú na sochaí seo againne a fheabhsú.’

Contents · Clár

Chairman's Foreword **10**

1. Introduction **14**
1.1 Functions 15
1.2 Membership 15

2. Public Library Development **16**
2.1 *Branching Out* – First and Second Programmes 17
2.3 Public Library Building Proposals 17
2.4 Capital Grants for Library Projects 18
2.5 New Libraries 18
2.6 Library Programmes 18
2.7 Subsidies, Loans and Leases 18
2.8 Public Library Authority Estimates 19
2.9 Staff Training and Development 24
2.10 Public Library Buildings Database 26
2.11 The Public Library Research Programme 27

3. Changing Libraries Programme **28**
3.1 Historical Maps 29
3.2 The Irish Times 30
3.3 Ask About Ireland 31
3.4 Griffith's Valuation 33

Brollach ón gCathaoirleach **10**

1. Réamhrá **14**
1.1 Feidhmeanna 15
1.2 Ballraíocht 15

2. Forbairt Leabharlanna Poiblí **16**
2.1 *Branching Out* – An Chéad agus an Dara Clár 17
2.3 Tograí chun Leabharlanna Poiblí a Thógáil 17
2.4 Deontais Chaipitil do Thionscadail Leabharlanna 18
2.5 Leabharlanna Nua 18
2.6 Cláir Leabharlanna 18
2.7 Fóirdheontais, Iasachtaí agus Léasanna 18
2.8 Meastacháin na nÚdarás Leabharlanna Poiblí 19
2.9 Oiliúint agus Forbairt na Foirne 24
2.10 Bunachar Sonraí d'Fhoirgnimh na Leabharlanna Poiblí 26
2.11 Clár Taighde na Leabharlanna Poiblí 27

3. Clár 'Na Leabharlanna ag Athrú' **28**
3.1 Léarscáileanna Stairiúla 29
3.2 The Irish Times 30
3.3 Fiafraigh faoi Éirinn 31
3.4 Luacháil Uí Ghríofa 33

4. Library Co-operation: COLICO **34**
4.1 Functions and membership 35
4.2 Pathways to Learning: cross-sectoral library services provision 36
4.3 Projects 37
4.4 Inter-library lending and document supply 38

5. Research and Information **40**
5.1 Research Library 41
5.3 Publications 42
5.4 Statistics 42
5.5 Exhibitions 43

6. Promotional and Representational Activities **44**
6.1 READISCOVER Reading Promotion Campaign 45
6.2 The Rosetta Collection 46
6.3 National Economic and Social Forum (NESF) 47
6.4 Junior Certificate School Programme Library Project 47
6.5 Representation on committees/groups 47
6.6 Presentations at conferences, courses and seminars 49

7. European Activities **51**
7.1 Europe Direct 52

4. Comhoibriú Idir Leabharlanna: COLICO **34**
4.1 Feidhmeanna agus ballraíocht 35
4.2 Bealaí chun na Foghlama:
soláthar trasearnálach na seirbhísí leabharlanna 36
4.3 Tionscadail 37
4.4 Iasachtaí agus soláthar cáipéisí idir leabharlanna 38

5. Taighde Agus Faisnéis **40**
5.1 Leabharlann Taighde 41
5.2 Foilseacháin 42
5.3 Staitisticí 42
5.4 Taispeántais 43

6. Gníomhaíochtaí Um Chur Chun Cinn Agus Ionadaíocht **44**
6.1 READISCOVER – Feachtas chun Léitheoireacht a Chothú 45
6.2 Bailiúchán Rosetta 46
6.3 An Fóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialta 47
6.4 Tionscadal Leabharlainne Chlár Scoile an Teastais Shóisearaigh 47
6.5 Ionadaíocht ar choistí/dhreamanna 47
6.6 Léiriúcháin ag comhdhálacha, cúrsaí agus seimineáir 49

7. Gníomhaíochtaí Eorpacha **51**
7.1 Europe Direct 52

8. Acknowledgements **54**

9. Appendices **56**

9.1 Staff as at 31st December 2006 57

9.2 Abstract of Accounts and Statement of Balances 58

9.3 Assessments made on Local Authorities for 2006 62

9.4 Code of Practice for the Governance of State Bodies: Report of the Chairman 64

9.5 Customer Care Statement 65

9.6 Publications during 2006 66

8. Buíochas **54**

9. Aguisíní **56**

9.1 Foireann ag 31 Nollaig 2006 57

9.2 Achomaireacht na gCuntas agus Ráiteas ar Iarmhéideanna 58

9.3 Measúnuithe a rinneadh ar Údaráis Áitiúla don bhliain 2006 62

9.4 Cód Cleachtais um Rialachas na gComhlachtaí Stáit: tuarascáil an Chathaoirligh 64

9.5 Ráiteas Ar Chúram Custaiméirí 65

9.6 Foilseacháin i rith na bliana 2006 66

Chairperson's Foreword

Brollach ón gCathaoirleach

The *Branching Out* report, launched in 1998, set out an ambitious eight-year programme of development for the public library service, beginning in 1999. It is one measure of the success of that programme that by the end of the 2006, central government funding for public libraries totalled c78,280,951. This dramatic increase in central government funding was matched by library authorities, whose current spending in 2006 reached a record c108 million, more than double the amount spent in 1998.

Branching Out was informed by two key government priorities, 'to ensure that Ireland moves rapidly to embrace the opportunities of the Information Society', and 'to establish an inclusive society in which all citizens can participate fully in the social and economic life of the country'.

This annual report shows that public library authorities, and An Chomhairle, have put these priorities at the heart of their activities. The provision of Internet access PCs in public libraries was an important social inclusion and information society measure, and has been a great success. An Chomhairle, therefore, particularly welcomed the funding provided during the year by the Minister for the Environment, Heritage, and Local Government, for the provision of Wi-Fi in all branch libraries.

Shonraigh an tuarascáil *Branching Out,* a seoladh sa bhliain 1998, clár uaillmhianch forbartha i gcomhair na seirbhísí leabharlanna poiblí a thosódh sa bhliain 1999 agus a mhairfeadh ocht mbliana. Is tomhas amháin ar an rath a bhí ar an gclár sin é gurbh é iomlán mhaoiniú an rialtais lárnaigh i gcomhair na leabharlanna poiblí faoi dheireadh na bliana 2006 ná c78,280,951. Chuir na húdaráis áitiúla a chomhoiread de mhéadú sa mhaoiniú ar fáil agus shroich caiteachas reatha na n-údarás áitiúil suim bhuaice c108 milliún sa bhliain 2006, breis is dhá uair chomh mór leis an méid a caitheadh sa bhliain 1998.

Ba faoi anáil dhá eochairthosaíocht rialtais a múnlaíodh *Branching Out:* 'féachaint chuige go ngluaisfidh Éire go sciobtha chun deiseanna na Sochaí Faisnéise a ghlacadh chuici", agus 'chun sochaí uileghabhálach a bhunú inar féidir le gach saoránach a bheith rannpháirteach go hiomlán i saol sóisialta agus geilleagrach na tíre.

Taispeánann an tuarascáil bhliantúil seo go bhfuil na húdaráis leabharlanna poiblí, agus an Chomhairle, tar éis na tosaíochtaí seo a chur i gcroílár a ngníomhaíochtaí. Ba bheart tábhachtach ar son an chuimsithe shóisialta agus ar son na sochaí faisnéise é soláthar na Ríomhairí Pearsanta atá nasctha leis an Idirlíon sna leabharlanna poiblí, agus d'éirigh go geal leis. D'fháiltigh an Chomhairle, mar sin, roimh an maoiniú a chuir an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ar fáil i rith na bliana chun Wi-Fi (saoráidí dílseachta gan sreang) a chur ar fáil i ngach leabharlann craoibhe.

This funding is part of the *Changing Libraries* programme, the detail of which is set out in this report. In addition to providing online access to the Ordnance Survey historic maps, and *The Irish Times* Archive, *Changing Libraries* will support the further development of the *AskaboutIreland* website. *Askaboutireland* has harnessed the skills of library staff, and library collections, which, with the support of An Chomhairle, have come together in a unique online resource.

Branching Out emphasised the importance of staff training and development. As described in this report, An Chomhairle has provided a significant amount of training for library staff since 1998. The high take-up of training places is testament both to the commitment of library management and staff, and to the quality of the training provided. The success of the reasonable accommodation training is further evidence of their dedication to the aim of providing a 'space for all' in their libraries.

Branching Out recognised that the benefits of using the library service must be promoted as widely as possible. In 2006 An Chomhairle co-ordinated the second national promotional campaign, READISCOVER, which featured national advertising and local events, the results of an excellent partnership between An Chomhairle, library authorities, and the Department of the Environment, Heritage, and Local Government.

Is cuid den chlár *'Na Leabharlanna Ag Athrú'* é an maoiniú seo agus tugtar na sonraí den chlár sa tuarascáil seo. Mar aon le bheith in ann teacht ar líne chun na léarscáileanna stairiúla de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus chun na Cartlainne de chuid an *Irish Times* tríd an gclár seo, tacóidh *Na Leabharlanna Ag Athrú* lena thuilleadh forbartha ar an láithreán gréasán *"Fiafraigh Faoi Éirinn"* www.askaboutireland.ie. Tá leas bainte ag an láithreán sin as scileanna fhoireann na leabharlanna, agus as bailiúcháin na leabharlanna, atá tagtha le chéile, le tacaíocht na Comhairle, san acmhainn uathúil ar líne seo.

Leag *Branching Out* béim ar an tábhacht a bhain le hoiliúint agus le forbairt na foirne. Mar a léirítear sa tuarascáil seo, tá oiliúint shuntasach curtha ar fáil ag an gComhairle d'fhoireann na leabharlanna ón mbliain 1998. Is comhartha é ardráta glactha na n-áiteanna oiliúna ar an tiomantas atá ag bainisteoireacht agus ag foireann na leabharlanna agus ar ardchaighdeán na hoiliúna a chuirtear ar fáil. Thairis sin, déanann an rath atá ar an oiliúint um fhreastal réasúnta fianaise leis an dúthracht a chaitheann siad leis an aidhm ó thaobh 'spás do chách' a chur ar fáil ina gcuid leabharlanna.

D'aithin *Branching Out* nach mór na sochair atá le baint as seirbhís na leabharlanna a chur chun cinn a oiread agus is féidir. Sa bhliain 2006 rinne an Chomhairle comhordú ar an dara feachtas náisiúnta um chur chun cinn, READISCOVER, a chuimsigh fógraíocht náisiúnta agus imeachtaí áitiúla, agus a lean de thoradh na comhpháirtíochta sármhaithe idir an Chomhairle, údaráis na leabharlanna agus an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

This annual report sets out how An Chomhairle continues to provide support and advice to the Department and local authorities. We can only do so with the co-operation and support of local authority managers, directors of services, county and city librarians, and public library staff. I extend the thanks of An Chomhairle to them all. Our thanks also go to the Minister for the Environment, Heritage, and Local Government, and his officials, for their continuing support.

As Chairman of An Chomhairle, I benefit from the advice and support of the members. On behalf of the members and staff I wish to extend congratulations and good wishes to Dónall Ó Luanaigh, who during the year retired from the National Library of Ireland, and from membership of An Chomhairle.

We are fortunate in An Chomhairle to have a dedicated and hard working team. I extend our warm thanks to our staff, and to our Director, Norma McDermott, under whose leadership they achieve so much.

Seán Ryan
Chairman

June 2007

Leagann an tuarascáil bhliantúil seo amach an tslí lena leanann an Chomhairle de thacaíocht agus de chomhairle a chur ar fáil don Roinn agus do na húdaráis áitiúla. Déanaimid an saothar seo le comhoibriú agus tacaíocht bhainisteoirí na n-údarás áitiúil, na stiúrthóirí seirbhísí, na leabharlannaithe contae agus cathrach, agus na foirne sna leabharlanna poiblí. Gabhaim buíochas na Comhairle leo go léir. Dlíonn an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, agus a chuid oifigeach, ár mbuíochas freisin as ucht a dtacaíochta leanúnaí.

Mar Chathaoirleach ar an gComhairle, is mór an tairbhe a bhainim as comhairle agus tacaíocht na mball. Thar ceann na mball agus na foirne, is mian liom comhghairdeas agus buíochas a ghabháil le Dónall Ó Luanaigh a chuaigh amach ar pinsean i rith na bliana ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, agus a d'éirigh as a bhallraíocht den Chomhairle.

Tá an t-ádh orainn sa Chomhairle go bhfuil buíon dhúthrachtach dhícheallach againn. Gabhaim buíochas ó chroí lenár bhfoireann, agus lenár Stiúrthóir, Norma McDermott, a gcuireann a ceannaireacht ar chumas na foirne an oiread sin a bhaint amach.

Seán Ryan
Cathaoirleach

Meitheamh, 2007

1 Introduction

Réamhrá

1.1 Functions

An Chomhairle Leabharlanna was established under the Public Libraries Act, 1947. Its functions, as outlined in the Local Government Act, 2001, are:

a) the provision of advice, assistance and services to library authorities in relation to the public library service,

b) the making of such recommendations to and the provision of such services for the Minister [for the Environment, Heritage and Local Government] in relation to the public library service as the Minister may request or as the Council sees fit,

c) action to promote and facilitate library co-operation, and

d) the maintenance and operation of the central library established under section 2 of the [Public Libraries] Act of 1947.

1.2 Membership

An Chomhairle consists of a Chairman and twelve other members appointed on a five year basis. The Chairman is appointed by the Minister for the Environment, Heritage and Local Government after consultation with the Minister for Education and Science. Two members are appointed by the Minister for the Environment, Heritage and Local Government and the remaining members are appointed by the Minister on the nomination of specified bodies. The present Council was appointed in 2003.

1.1 Feidhmeanna

Bunaíodh an Chomhairle Leabharlana faoin Acht Leabharlanna Poiblí 1947. Is iad a cuid feidhmeanna de réir an Achta Rialtais Áitiúil 2001 ná:

a) comhairle, cúnamh agus seirbhísí a chur ar fáil d'údaráis áitiúla i ndáil le seirbhís na leabharlanna poiblí,

b) cibé moltaí a dhéanamh agus cibé seirbhísí a chur ar fáil don Aire [Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil] i ndáil le seirbhís na leabharlanna poiblí de réir mar a fhéadfaidh an tAire a iarraidh nó de réir mar is cuí leis an gComhairle,

c) gníomhaíocht chun comhoibriú idir leabharlanna a chur chun cinn agus a éascú, agus

d) cothabháil agus oibriú na leabharlainne lárnaí a bunaíodh faoi alt 2 den Acht [Leabharlanna Poiblí] 1947.

1.2 Ballraíocht

Is iad atá ar an gComhairle ná Cathaoirleach agus dháréag ball eile a cheaptar ar bhonn tréimhse cúig bliana. An tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil a cheapann an Cathaoirleach tar éis dó dul i gcomhairle leis an Aire Oideachais agus Eolaíochta. Ceapann an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil beirt bhall agus ceapann an tAire an chuid eile acu ar iad a bheith ainmnithe ag comhlachtaí sonraithe. Ba sa bhliain 2003 a ceapadh an Chomhairle atá ann faoi láthair.

2 Public Library Development

Forbairt Leabharlanna Poiblí

2.1 Branching Out – First and Second Programmes

An Chomhairle continued to support the *Branching Out* programme during the year. The implementation of this major investment programme is enabling the public library system to fulfil its key role given in the Government's strategy to widen access to the knowledge society. The integration of the cultural, learning, information and leisure roles of the library service with the knowledge society strengthens the value of, and increases access to, library collections, and optimises the expertise of library staff. Details of development under the *Branching Out* programme are given throughout this report.

During 2006 the *Branching Out* Steering Group prepared a draft of a second library development programme. An Chomhairle provided material in relation to the impact of the first *Branching Out* programme, 1999-2006 and in relation to proposed recommendations for the second programme.

It is expected that the Minister for the Environment, Heritage and Local Government will launch the second *Branching Out* programme in 2007.

2.3 Public Library Building Proposals

The Department of the Environment, Heritage and Local Government operates a scheme of grant aid to library authorities for the development and stocking of new and converted libraries and library headquarters, and for the provision of mobile libraries and delivery vans. An Chomhairle Leabharlanna advises both the Minister for the Environment, Heritage and Local Government and library authorities on library projects submitted for grant aid under this scheme. In 2006 An Chomhairle considered fifteen projects from eleven library authorities, as set out in table 1.

2.1 Branching Out – An Chéad agus an Dara Clár

Lean an Chomhairle de thacú leis an gclár *Branching Out* i rith na bliana. Cuireann forfheidhmiú an chláir mhóir infheistíochta seo ar chumas an chórais leabharlanna poiblí a fheidhm thábhachtach a tugadh i straitéis an Rialtais a chomhlíonadh i dtaca le teacht ar an tsochaí faisnéise a leathnú. An comhtháthú d'fheidhmeanna cultúir, foghlama, faisnéise agus fóillíochta leis an tsochaí faisnéise, neartaíonn sé luach na mbailiúchán leabharlanna, chomh maith le teacht orthu a mhéadú, agus feabhsaíonn sé saineolas na foirne leabharlanna. Tugtar sonraí den fhorbairt faoin gclár *Branching Out* ar fud an chláir seo.

I rith na bliana 2006 d'ullmhaigh an Coiste Stiúrtha *Branching Out* dréacht den dara clár um fhorbairt leabharlanna. Chuir an Chomhairle ábhar ar fáil faoi iarmhairt an chéad chláir *Branching Out*, 1999-2006 agus faoi mholtaí atá beartaithe i gcomhair an dara clár.

Táthar ag súil leis go seolfaidh an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil an dara clár *Branching Out* sa bhliain 2007.

2.3 Tograí chun Leabharlanna Poiblí a Thógáil

Tá scéim á hoibriú ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ar mhaithe le deontais i gcabhair a thabhairt d'údaráis na leabharlanna chun leabharlanna agus ceannárais leabharlanna nua agus athchóirithe a fhorbairt agus chun stoc a chur iontu, agus ar mhaithe le leabharlanna taistil agus veaineanna seachadta a chur ar fáil. Tugann an Chomhairle Leabharlanna comhairle don Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus do na húdaráis áitiúla araon i dtaca le tionscadail leabharlanna a gcuirtear iarratais ar dheontais faoin scéim seo dóibh isteach. Sa bhliain 2006 bhí cúig thionscadal déag ó aon cheann déag d'údaráis leabharlanna faoi bhreithniú ag an gComhairle, mar a leagtar amach i dtábla 1.

1

2.4 Capital Grants for Library Projects

During 2006 the Department of the Environment, Heritage and Local Government continued to support the capital programme set out in the Branching Out report. Grants totalling c11,039,782 were paid to library authorities for buildings and transport in 2006. The grants paid to sixteen library authorities in respect of seventeen library buildings, automation, and two delivery vans in 2006 are listed in table 2.

2.5 New Libraries

1 2 3 4 5 6 An Chomhairle noted that seven grant-aided libraries, set out in table 3, were officially opened during the year.

2

2.6 Library Programmes

The Department of the Environment, Heritage and Local Government also provided funding for public library programmes, as listed in table 4, during 2006.

2.7 Subsidies, Loans and Leases

An Chomhairle pays subsidy at the rate of 50% on leasing charges and on existing non-Exchequer loan charges incurred by library authorities on library buildings. A total of c738,206 was paid to eight library authorities, for fourteen buildings, in 2006. This money was recouped from the Department of the Environment, Heritage and Local Government.

2.4 Deontais Chaipitil do Thionscadail Leabharlanna

I rith na bliana 2006 lean an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil de thacú leis an gclár caipitil a leagadh amach sa tuarascáil *Branching Out*. Íocadh deontais le húdaráis leabharlanna arbh fhiú c11,039,782 iad sa bhliain 2006 i leith foirgneamh agus iompair. Leagtar amach na deontais a íocadh le sé cinn déag d'údaráis leabharlanna i leith seacht gcinn déag d'fhoirgnimh leabharlanna, i leith an uathoibrithe agus i leith dhá veain sheachadta sa bhliain 2006 i dtábla 2.

2.5 Leabharlanna Nua

1 2 3 4 5 6 Thug an Chomhairle dá haire gur osclaíodh seacht leabharlann (tábla 3) go hoifigiúil i rith na bliana ar tugadh deontais i gcabhair dóibh.

3

2.6 Cláir Leabharlanna

Chuir an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil maoiniú ar fáil freisin i gcomhair clár leabharlanna (tábla 4) i gcaitheamh na bliana 2006.

2.7 Fóirdheontais, Iasachtaí agus Léasanna

Íocann an Chomhairle fóirdheontas ar ráta 50% de tháillí léasaithe agus de tháillí ar iasachtaí nach ón Státchiste iad a fuair na húdaráis leabharlanna i dtaca le foirgnimh leabharlanna. Íocadh c738,206 go hiomlán le hocht n-údarás leabharlanna, i leith ceithre fhoirgneamh déag, sa bhliain 2006. Fuarthas an t-airgead seo ar ais ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

2.8 Public Library Authority Estimates

An Chomhairle has published an annual survey of library authority estimates since 1987. The 2006 survey showed increases in both the overall and per capita spending. The main findings of the survey were:

- Total public library recurrent spending in Ireland increased by 9% over 2005 to c108 million.
- Expenditure per head of population on public library services increased from c25.27 in 2005 to c27.57.
- All thirty-two library authorities increased their estimated spending on public library services.
- Local authority estimated expenditure on library stock increased by 6% from c11.6 million in 2005 to c12.3 million.
- Twenty-two authorities increased their estimated spending on stock, eight allocated the same amount as for 2005, and two reduced estimated expenditure.
- Local authority expenditure on stock now stands at c2.96 per capita (increased from c1.61 in 1998), based on the Census of Population, 2002.

These increases took place in the context of local authority estimated recurrent expenditure on all services, including libraries, rising by 9.8% to a total of c4,128 billion in 2006.



4

2.8 Meastacháin na nÚdarás Leabharlanna Poiblí

D'fhoilsigh an Chomhairle suirbhé bliantúil ar mheastacháin na n-údarás leabharlanna gach bliain ó 1987. Thaispeáin suirbhé na bliana 2006 méaduithe sa chaiteachas foriomlán agus sa chaiteachas *per capita*. Ba iad príomhfhionnachtana an tsuirbhé ná:

- D'ardaigh an caiteachas athfhillteach iomlán ar leabharlanna poiblí faoi 9% thar 2005 go c108 milliún.
- Mhéadaigh an caiteachas measta in aghaidh an duine ar sheirbhísí leabharlanna poiblí ó c25.27 sa bhliain 2005 go c27.57.
- Mhéadaigh gach ceann den dá údarás is tríocha a gcaiteachas measta ar sheirbhísí leabharlanna poiblí.
- Mhéadaigh caiteachas measta na n-údarás áitiúil ar stoc na leabharlanna faoi 6% ó c11.6 milliún sa bhliain 2005 go c12.3 milliún.
- Mhéadaigh dhá cheann is fiche de na húdaráis a gcaiteachas measta ar stoc, dháil ocht gcinn acu an méid céanna agus a rinne siad don bhliain 2005, agus laghdaigh dhá cheann acu a gcaiteachas measta.
- Is é caiteachas na n-údarás áitiúil ar stoc anois ná c2.96 *per capita* (i gcomparáid le c1.61 sa bhliain 1998), arna bhunú ar Dhaonáireamh na Bliana 2002.

Tharla na méaduithe seo i bhfianaise chaiteachas athfhillteach na n-údarás áitiúil ar na seirbhísí go léir, agus leabharlanna san áireamh, a bheith ag ardú faoi 9.8% go c4.128 billiún go hiomlán sa bhliain 2006.

5



6

table 1 tábla 1

Library projects considered

Tionscadail leabharlanna a bhí faoi bhreithniú

Library Authority / Údarás Leabharlanna	Project / Tionscadal
Cavan County Council	**Belturbet Branch Library**
Comhairle Chontae an Chabháin	Leabharlann Chraoibhe Bhéal Tairbirt
Clare County Library	**Ennis Central Library and Headquarters**
Comhairle Chontae an Chláir	Leabharlann Lárnach agus Ceannáras na hInse
Dún Laoghaire/Rathdown County Council	**Dundrum Branch Library**
Comhairle Chontae Dhún Laoghaire/ Ráth an Dúin	Leabharlann Chraoibhe Dhún Droma
Kerry County Council	**Caherciveen Branch Library**
Comhairle Chontae Chiarraí	Leabharlann Chraoibhe Chathair Saidhbhín
Kildare County Council	**Kildare Town Branch Library**
Comhairle Chontae Chill Dara	Leabharlann Chraoibhe Bhaile Chill Dara
Laois County Council	**Mountmellick Branch Library** **Mountrath Branch Library**
Comhairle Chontae Laoise	Leabharlann Chraoibhe Mhóinteach Mílic Leabharlann Chraoibhe Mhaighean Rátha
Meath County Council	**Bettystown/Laytown Branch Library**
Comhairle Chontae na Mí	Leabharlann Chraoibhe Bhaile an Bhiataigh/na hInse
South Dublin County Council	**County Library, Tallaght (extension)**
Comhairle Chontae Bhaile Átha Cliath Theas	Leabharlann an Chontae, Tamhlacht (fairsingiú)
Waterford City Council	**Carrickpheirish Community Library** **Library headquarters, Waterford City**
Comhairle Chathair Phort Láirge	Leabharlann Phobail Charraig Phiarais Ceannáras Leabharlainne, Cathair Phort Láirge
Waterford County Council	**Dunmore East Branch Library** **Library Delivery Van**
Comhairle Chontae Phort Láirge	Leabharlann Chraoibhe an Dúin Mhóir Veain Seachadta Leabharlainne
Wexford County Council	**Gorey Branch Library** **Wexford Central Library, Wexford**
Comhairle Chontae Loch Garman	Leabharlann Chraoibhe Ghuaire Leabharlann Lárnach Loch Garman

table 2 tábla 2

Grants paid in 2006

Deontais a íocadh sa bhliain 2006

Library Authority / Údarás Leabharlainne	Project / Tionscadal	Amount (€) / Méid (€)
Clare County Council	**Scariff Branch Library**	177,639
Comhairle Chontae an Chláir	Leabharlann Chraoibhe na Scairbhe	
Cork City Council	**Bishopstown Branch Library**	920,986
Comhairle Chathair Chorcaí	Leabharlann Chraoibhe Bhaile an Easpaig	
Cork County Council	**Macroom Branch Library**	60,184
Comhairle Chontae Chorcaí	Leabharlann Chraoibhe Mhaigh Chromtha	
Fingal County Council	**Malahide Branch Library**	918,169
Comhairle Chontae Fhine Gall	Leabharlann Chraoibhe Mhullach Íde	
Galway County Council	**Ballybane Branch Library**	104,605
Comhairle Chontae na Gallimhe	Leabharlann Chraoibhe an Bhaile Bháin	
Kerry County Council	**Castleisland Branch Library**	417,000
Comhairle Chontae Chiarraí	Leabharlann Chraoibhe Oileán Chiarraí	
Laois County Council	**Abbeyleix Branch Library**	269,218
Comhairle Chontae Laoise	Leabharlann Chraoibhe Mhainistir Laoise	
	Mountrath Branch Library	57,527
	Leabharlann Chraoibhe Mhaighean Rátha	
Leitrim County Council	**Ballinamore Branch Library**	14,625
Comhairle Chontae Liatroma	Leabharlann Chraoibhe Bhéal an Átha Móir	
Limerick City Council	**Moyross Branch Library**	1,048,499
Comhairle Chathair Luimnigh	Leabharlann Chraoibhe Mhaigh Rois	
Limerick County Council	**Dooradoyle Branch Library**	1,402,291
Comhairle Chontae Luimnigh	Leabharlann Chraoibhe Thuar an Daill	
Louth County Council	**Delivery van**	87,495
Comhairle Chontae Lú	Veain Seachadta	
Mayo County Council	**Ballina Branch Library**	1,405,348
Comhairle Chontae Mhaigh Eo	Leabharlann Chraoibhe Bhéal an Átha	
	Castlebar Branch Library	212,546
	Leabharlann Chraoibhe Chaisleán an Bharraigh	
Meath County Council	**Ashbourne Branch Library**	2,049,566
Comhairle Chontae na Mí	Leabharlann Chraoibhe Chill Dheagláin	
Tipperary Joint Libraries Committee	**The Source Library and Arts Centre, Thurles**	1,186,799
Comhchoiste Leabharlanna Thiobraid Árann	Leabharlann Lárnach agus Lárionad Ealaíon na Foinse, Durlas Éile	
Waterford City Council	**Automation**	83,769
Comhairle Chathair Phort Láirge	Uathoibriú	
Waterford County Council	**Delivery Van**	89,962
Comhairle Chontae Phort Láirge	Veain Seachadta	
Wexford County Council	**Bunclody Branch Library**	50,000
Comhairle Chontae Loch Garman	Leabharlann Chraoibhe Bhun Clóidí	
Wicklow County Council	**Blessington Branch Library**	483,556
Comhairle Chontae Chill Mhantáin	Leabharlann Chraoibhe Bhaile Coimín	
Total		**11,039,782**
Iomlán		

table 3 tábla 3

Libraries officially opened in 2006

Leabharlanna a osclaíodh go hoifigiúil sa bhliain 2006

Library Authority Údarás Leabharlanna	Library Tionscadal
Cavan County Council	**Brian Johnston Library, Cavan**
Comhairle Chontae an Chabháin	Leabharlann Brian Johnson, An Cabhán
Cork City Council	**Bishopstown Branch Library**
Comhairle Chathair Chorcaí	Leabharlann Chraoibhe Bhaile an Easpaig
Cork County Council	**Mallow Branch Library**
Comhairle Chontae Chorcaí	Leabharlann Chraoibhe Mhala
Mayo County Council	**Ballina Branch Library**
Comhairle Chontae Mhaigh Eo	Leabharlann Chraoibhe Bhéal an Átha
Offaly County Council	**Birr Branch Library**
Comhairle Chontae Uíbh Fhailí	Leabharlann Chraoibhe Bhiorra
Tipperary Joint Libraries Committee	**The Source Library and Arts Centre, Thurles**
Comhchoiste Leabharlanna Thiobraid Árann	Leabharlann Lárnach agus Lárionad Ealaíon na Foinse, Durlas Éile
Wicklow County Council	**Blessington**
Comhairle Chontae Chill Mhantáin	Baile Coimín

table 4 tábla 4

DEHLG Library Programmes funding in 2006

Maoiniú na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil i gcomhair na gclár leabharlanna sa bhliain 2006

Project Tionscadal	Amount (€) Méid (€)
Public Library Research Programme (see section 2.9) Clár Taighde na Leabharlanna Poiblí (féach ar rannóg 2.9)	63,486
Changing Libraries programme (see section 3) Clár 'Na Leabharlanna Ag Athrú' (féach ar rannóg 3)	66,454
READISCOVER campaign (see section 6.1) Feachtas READISCOVER (féach ar rannóg 6.1)	132,403
Total Iomlán	**262,354**

An Chomhairle welcomed the increase in investment which local authorities have provided for library services. This continues the trend of increased provision which began with the publication of *Branching Out* in 1998. The value of this increased spending is shown in the consequential increases in book issues, which goes against the trend in other European countries, and in the improvement of opening hours and staffing levels.

2.9 Staff Training and Development

An Chomhairle, through the Standing Committee on Staff Training and Development and its training programme, continued to support local authorities through designing and delivering training courses to library staff during 2006. The membership of the Standing Committee is representative of those with an interest in staff training and development:

John Conway *Local Government Management Services Board*

Margaret Flood *Academic and National Library Training Co-operative*

Mary Jones *Department of the Environment, Heritage and Local Government*

Pat Lonergan *The Library Association of Ireland*

Norma McDermott *An Chomhairle Leabharlanna (Convenor)*

Betty Moriarty *Department of the Environment, Heritage and Local Government*

Ned O'Connor *County and City Managers' Association*

Brendan Teeling *An Chomhairle Leabharlanna*

Donal Tinney *IMPACT*

Austin Vaughan *The Library Association of Ireland*

D'fháiltigh an Chomhairle roimh an méadú sa chaiteachas a chuir údaráis áitiúla ar fáil i gcomhair seirbhísí leabharlanna. Léiríonn sé seo an treocht leantach ó thaobh an soláthar a bheith ag méadú, rud a thosaigh nuair a foilsíodh *Branching Out* sa bhliain 1998. Taispeánann na méaduithe sna heisiúintí leabhar, rud nach ionann leis an scéal i dtíortha eile na hEorpa, a tharla de dhroim an chaiteachais mhéadaithe an luach a bhaineann leis an gcaiteachas sin. Is comhartha eile den luach céanna é an feabhsú maidir le huaireanta oscailte agus le leibhéil na foirne.

2.9 Oiliúint agus forbairt fhoireann na Leabharlanna Poiblí

Lean an Chomhairle de bheith ag tacú le húdaráis áitiúla ó thaobh cúrsaí oiliúna a dhearadh agus iad a thabhairt d'fhoireann na leabharlanna, tríd an mBuanchoiste um Fhorbairt agus Oiliúint na Foirne agus trí chlár oiliúna an choiste sin. Tá ballraíocht an Bhuanchoiste ionadaíoch díobh siúd arb é a leas é oiliúint agus forbairt na foirne.

- John Conway *An Bord um Sheirbhísí Bainistíochta Rialtais Áitiúil*
- Margaret Flood *Comharchumann Oiliúna Leabharlainne Náisiúnta agus Acadúla*
- Mary Jones *An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil*
- Pat Lonergan *Cumann Leabharlanna na hÉireann*
- Norma McDermott *An Chomhairle Leabharlanna (Tionólaí)*
- Betty Moriarty *An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil*
- Ned O'Connor *Cumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach*
- Brendan Teeling *An Chomhairle Leabharlanna*
- Donal Tinney *IMPACT (Ceardchumann Rialtas Áitiúil, Sheirbhís Phoiblí agus Státseirbhís na hÉireann)*
- Austin Vaughan *Cumann Leabharlanna na hÉireann*

2.9.1 *Courses Delivered*

Through the training programme, and project-related activities, An Chomhairle delivered training in a number of topics during the year, in a variety of locations, as follows.

- Changing Libraries Primary School Curriculum – five sessions, in Tullow library, Ashbourne library, Templemore library (2), and Tubbercurry library, in June and August.
- Guided visit to the National Archives, Dublin, September.
- Guided visit to the National Library, Dublin, October.
- Irish Times Quality Assurance Panel – three sessions, Dublin, October.
- Running Live Literature Events – two sessions, Portlaoise and Dublin, November.
- Book Promotion – two sessions, Portlaoise and Dublin, November and December.

A total of 162 training places were taken by twenty-seven library authorities in 2006. This brought the total number of places taken over the eight years of *Branching Out* to 1,748, the total number of training courses offered being sixty-six.

2.9.1 *Na Cúrsaí a Cuireadh ar Fáil*

Tríd an gclár oiliúna, agus trí ghníomhaíochtaí a bhain le tionscadail, chuir an Chomhairle oiliúint ar fáil faoi roinnt áirithe ábhar i suímh éagsúla i rith na bliana, mar a leanas.

- Curaclam Bunscoile 'Na Leabharlanna Ag Athrú' – cúig sheisiún, i leabharlann na Tulaí, leabharlann Chill Dheagláin, leabharlann an Teampaill Mhóir (2) agus leabharlann Thobar an Choire, i Mí an Mheithimh agus Mí Lúnasa.
- Cuairt threoraithe ar an gCartlann Náisiúnta i mBaile Átha Cliath i Meán Fómhair.
- Cuairt threoraithe ar an Leabharlann Náisiúnta i mBaile Átha Cliath i nDeireadh Fómhair.
- Painéal um Dhearbhú Cáilíochta den Irish Times – trí sheisiún i mBaile Átha Cliath i nDeireadh Fómhair.
- Imeachtaí Litríochta Beo á Reáchtáil – dhá sheisiún i bPort Laoise agus i mBaile Átha Cliath i Mí na Samhna.
- Leabhair á gCur Chun Cinn – dhá sheisiún i bPort Laoise agus i mBaile Átha Cliath i Mí na Samhna agus i Mí na Nollag.

Ghlac seacht n-údarás leabharlanna is fiche 162 d'áiteanna oiliúna go hiomlán sa bhliain 2006. Ciallaíonn sé seo gurb é an líon iomlán áiteanna a glacadh le linn na n-ocht mbliana de *Branching Out* ná 1,748 agus gurb é an líon iomlán cúrsaí oiliúna a tairgeadh ná seasca a sé.

2.9.2 *Reasonable Accommodation for People with Disabilities*

An Chomhairle delivered training in the provision of reasonable accommodation within library services for people with disabilities, to nine library authorities during the year. The participating authorities were: Carlow, Kerry, Kilkenny, Leitrim, Louth, Sligo, Waterford and Westmeath county councils, and Waterford City Council. This training was funded by the Department of the Environment, Heritage and Local Government under the National Disability Strategy. Twenty-two library authorities have engaged in this training programme.

2.10 Public Library Buildings Database

An Chomhairle, with funding from the Department of the Environment, Heritage and Local Government, commissioned the development of an online database of public library buildings, 'librarybuildings.ie'. The project aims to provide comprehensive and readily accessible information about public library buildings in Ireland. Library-buildings.ie will initially concentrate on recently opened libraries and libraries in heritage buildings.

The project is managed by An Chomhairle with the assistance of a small advisory committee composed of representatives from library authorities, the Department of the Environment, Heritage and Local Government and An Chomhairle.

2.9.2 *Freastal Réasúnta ar Dhaoine faoi Mhíchumas*

Chuir an Chomhairle oiliúint ar fáil do naoi n-údarás leabharlanna i rith na bliana faoin bhfreastal réasúnta do dhaoine faoi mhíchumas laistigh de sheirbhísí leabharlanna. Ba iad na húdaráis a bhí rannpháirteach ná na Comhairlí Contae i gCeatharlach, i gCiarraí, i gCill Chainnigh, i Liatroim, i Lú, i Sligeach, i bPort Láirge agus san Iarmhí; agus Comhairle Chathair Phort Láirge. Mhaoinigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil an oiliúint seo faoin Straitéis Náisiúnta Míchumais. Tá páirt glactha sa chlár oiliúna seo ag dhá údarás leabharlanna is fiche.

2.10 Bunachar Sonraí d'Fhoirgnimh na Leabharlanna Poiblí

Choimisiúnaigh an Chomhairle, le maoiniú ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, forbairt ar bhunachar sonraí ar líne d'fhoirgnimh na leabharlanna poiblí, 'librarybuildings.ie'. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal eolas cuimsitheach insroichte a chur ar fáil faoi fhoirgnimh na leabharlanna poiblí in Éirinn. I dtosach díreoidh librarybuildings.ie ar leabharlanna a osclaíodh le déanaí agus leabharlanna i bhfoirgnimh oidhreachta.

Déanann An Chomhairle bainisteoireacht ar an tionscadal le cúnamh ó choiste comhairleach beag, ar a bhfuil ionadaíocht ó údaráis na leabharlanna, ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus ón gComhairle.

Database and website content is being developed and edited by An Chomhairle, and the production of the database and web application has been commissioned. The online database will include details of design features, services provided, photographs, video, and background information. The service will serve the needs of library authorities, design teams and service providers who wish to work with libraries on activities and programmes. Librarybuildings.ie will be launched in 2007.

2.11 The Public Library Research Programme

The Public Library Research Programme (PLRP) assists local authorities in carrying out public library research. The programme is co-funded by the local authorities and the Department of the Environment, Heritage and Local Government and managed by An Chomhairle Leabharlanna.

During 2006 the PLRP Committee agreed to review the programme and to consult with local authorities in reviewing and making recommendations for the future. The review and the recommendations will be incorporated into a new call for proposals to be announced in 2007.

Tá inneachar an bhunachair shonraí agus inneachar an láithreáin ghréasáin á bhforbairt agus á gcur in eagar ag an gComhairle agus táthar tar éis táirgíocht an bhunachair shonraí agus táirgíocht an fheidhmchláir ghréasáin a choimisiúnú. Cuimseoidh an bunachar sonraí ar líne sonraí de na gnéithe deartha; na seirbhísí a chuirfear ar fáil; grianghraif, físeán agus eolas cúlra. Freastalóidh an tseirbhís ar riachtanais na n-údarás leabharlanna, agus ar riachtanais na mbuíonta deartha agus na soláthraithe seirbhísí ar mian leo a bheith ag obair le leabharlanna faoi ghníomhaíochtaí agus faoi chláir. Is i 2007 a sheolfar librarybuildings.ie.

2.11 Clár Taighde na Leabharlanna Poiblí

Cabhraíonn Clár Taighde na Leabharlanna Poiblí le húdaráis áitiúla taighde faoi leabharlanna poiblí a dhéanamh. Tá an Clár á chómhaoiniú ag na húdaráis áitiúla, agus ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus tá sé á bhainistiú ag an gComhairle Leabharlanna.

I rith na bliana 2006 thoiligh Coiste Chlár Taighde na Leabharlanna Poiblí athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár agus dul i gcomhairle leis na húdaráis áitiúla ó thaobh athbhreithniú agus moltaí a dhéanamh faoin am atá le teacht. Déanfar an t-athbhreithniú agus na moltaí a shnaidhmeadh i nglao nua ar thograí a fhógrófar sa bhliain 2007.

3 Changing Libraries Programme

Clár ‘Na Leabharlanna Ag Athrú’

The *Changing Libraries* Programme was launched in Autumn 2005 by the Minister for the Environment, Heritage and Local Government, Mr. Dick Roche T.D. *Changing Libraries* brings together a number of new and recently developed online resources, to provide the public with free of charge online access to a comprehensive collection of information not available elsewhere and to facilitate this access with the introduction of Internet wireless connectivity (Wi-Fi) to all public libraries.

The process of building the online information collection began in 2006 and a number of building blocks have been put in place.

3.1 Historical Maps

7 8 In partnership with Ordnance Survey Ireland, online access to a searchable and seamless historic map resource, covering the entire country was set up. This access is provided free of charge on public access PCs within public libraries. The collection initially consisted of the 6-inch series of Ordnance Survey Maps, produced between 1834 and 1842. By the end of 2006, access was also made available to the 25-inch series produced by the Ordnance Survey between 1887 and 1913.

7

Sheol an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Dick Roche, T.D. an clár *'Na Leabharlanna Ag Athrú'* i bhFómhar na bliana 2005. Tugann *'Na Leabharlanna Ag Athrú'* roinnt áirithe acmhainní ar líne nua a forbraíodh le déanaí le chéile, chun go mbeidh fáil saor in aisce ag an bpobal ar bhailiúchán cuimsitheach eolais nach bhfuil ar fáil in aon áit eile agus chun é seo a éascú trí cheangal Idirlín gan sreang (dílseacht gan sreang nó Wi-Fi) a thabhairt isteach sna leabharlanna poiblí go léir.

Cromadh i 2006 ar an obair ar mhaithe leis an mbailiúchán eolais ar líne a shaothrú agus rinneadh roinnt áirithe beart chuige sin.

3.1 Léarscáileanna Stairiúla

7 8 I gcomhpháirtíocht le Suirbhéireacht Ordanáis na hÉireann, cuireadh ar bun slí lenar féidir teacht ar líne ar acmhainn inchuardaithe gan uaim de léarscáileanna stairiúla, a chlúdaíonn an tír uile. Cuirtear é seo ar fáil saor in aisce ar ríomhairí pearsanta ar a bhfuil teacht ag an bpobal laistigh de leabharlanna poiblí. I dtosach d'fholaigh an bailiúchán an tsraith 6 orlach de léarscáileanna na Suirbhéireachta Ordanáis, a foilsíodh idir 1834 agus 1842. Thairis sin, faoi dheireadh na bliana 2006, bhíothas in ann teacht ar an tsraith 25 orlach a d'fhoilsigh an tSuirbhéireacht Ordanáis idir 1887 agus 1913.

8

3.2 The Irish Times

A project to digitize and provide online access to the entire archive of *The Irish Times* began in 2006. Access will be provided free of charge in public library branches at public access PCs and in every school in the country. *The Irish Times* archive dates from the founding of the newspaper in 1859 and will cover up to 2007. As the first step in the project, a steering group was established, comprising of representatives of the Department of the Environment, Heritage and Local Government, Itronics (the electronic division of *The Irish Times*), An Chomhairle Leabharlanna, The Library Association of Ireland and the National Centre for Technology in Education.

The contract for digitisation and indexing of the microfilmed archive was awarded to a service provider following a tendering process and the process of scanning and indexing the archive began in the autumn of 2006. By the end of the year of digitized material for the period 1859 to 1889 had been completed and subjected to quality assurance testing. A Quality Assurance Panel was established, consisting of fifteen local studies librarians from the public library authorities, staff of *The Irish Times* and An Chomhairle Leabharlanna, and members of the steering group. The Quality Assurance Panel is investigating the quality of the digitised content from a number of key aspects such as readability, searchability, segmentation and search accuracy, in order to ensure the highest possible quality of online resource. The results are being collated, assessed by the steering group and the outcomes referred back to the service provider. Material from 1890 up to the present will be digitised and reviewed in 2007.

3.2 The Irish Times

Thosaigh tionscadal i 2006 chun cartlann an *Irish Times* a dhigitiú agus chun teacht ar líne chun na cartlainne sin a chur ar fáil. Cuirfear an tseirbhís seo ar fáil saor in aisce i gcraobhacha na leabharlanna poiblí ag ríomhairí pearsanta atá ar fáil don phobal agus i ngach scoil sa tír. Dátaíonn cartlann an *Irish Times* ó bhunú an nuachtáin sa bhliain 1859 agus clúdóidh an chartlann gach bliain suas go 2007. Mar chéad chéim an tionscadail, bunaíodh gasra stiúrtha, comhdhéanta d'ionadaithe ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, ó Itronics (rannán leictreonach an *Irish Times*), ón gComhairle Leabharlanna, ó Chumann Leabharlanna na hÉireann agus ón Lárionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas.

Deonaíodh an conradh chun an chartlann ar mhicreascannán a dhigitiú agus a innéacsú do sholáthraí seirbhíse tar éis próisis tairisceana. Ba i bhFómhar na bliana 2006 a cuireadh tús leis an obair scanta agus innéacsaithe ar an gcartlann. Faoi dheireadh na bliana, críochnaíodh ábhar digitithe ó 1859 go 1889 agus rinneadh tástáil um dhearbhú cáilíochta air. Bunaíodh Painéal um Dhearbhú Cáilíochta agus ar an bpainéal sin tá cúigear déag de leabharlannaithe staidéir áitiúil ó na húdaráis leabharlanna poiblí, foireann an *Irish Times,* foireann na Comhairle Leabharlanna agus baill den choiste stiúrtha. Tá imscrúdú á dhéanamh ag an bPainéal um Dhearbhú Cáilíochta ar cháilíocht an ábhair dhigithe ó thaobh eochairghnéithe mar éascaíocht léimh, inchuardaitheacht, deighilt agus cruinneas cuardaigh, chun deimhin a dhéanamh den cháilíocht acmhainne ar líne is airde agus is féidir. Tá na torthaí á dtiomsú agus á measúnú ag an ngasra stiúrtha agus tá na tátail á seoladh ar ais chuig an soláthraí seirbhíse. Déanfar ábhair ó 1890 go dtí an lá inniu a dhigitiú agus a athbhreithniú sa bhliain 2007.

Concurrently, work has begun on the development of the web service and search engine. This will continue in the first half of 2007 and is scheduled for testing in the summer of 2007. The launch of the online service is planned for the autumn of 2007.

3.3 Ask About Ireland

The focus for content development in Ask About Ireland for 2006 was on the primary schools section of the Student Zone. In 2005 a number of topics relating to the primary school curriculum in history and geography were identified by the National Council for Curriculum and Development and content created by a number of teacher and local studies librarian teams. This content was reviewed by the project steering group, consisting of representatives from the Department of the Environment, Heritage and Local Government, An Chomhairle Leabharlanna, The Library Association of Ireland, the National Council for Curriculum and Assessment, the National Centre for Technology in Education and the Primary Curriculum Support Programme. The content was also reviewed by the project's Education Consultant and adapted as appropriate. A high level of interactivity was introduced into each topic to encourage students to think, to develop their own research skills, and to learn about their local place today and over time.

Ag an am céanna, cromadh ar an obair chun an tseirbhís ghréasáin agus an t-inneall cuardaigh a fhorbairt. Leanfar den obair seo sa chéad leath den bhliain 2007 agus tá sé sceidealta i gcomhair tástála i samhradh na bliana 2007. Tá sé beartaithe an tseirbhís ar líne a sheoladh i bhfómhar na bliana 2007.

3.3 Fiafraigh faoi Éirinn

Ba ar rannóg na mbunscoileanna de Chrios na Mac Léinn a díríodh an aird ó thaobh ábhar a fhorbairt i dtaca le 'Fiafraigh faoi Éirinn' i gcomhair 2006. Sa bhliain 2005 d'aithin an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta roinnt áirithe saincheisteanna a bhain leis an gcuraclam bunscoile sa stair agus sa tíreolaíocht agus chruthaigh roinnt áirithe buíonta múinteoirí agus buíonta leabharlannaithe staidéir áitiúil an t-ábhar. Rinne gasra stiúrtha an tionscadail athbhreithniú ar an ábhar – ar an ngasra stiúrtha tá ionadaithe ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, ón gComhairle Leabharlanna, ó Chumann Leabharlanna na hÉireann, ón gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta, ón Lárionad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachais agus ón gClár Tacaíochta don Churaclam Bunscoile. Rinne Sainchomhairleoir Oideachais an tionscadail athbhreithniú ar an ábhar freisin agus rinneadh oiriúnú air de réir mar ba chuí. Tugadh isteach a lán idirghníomhaíochta i ngach saincheist chun na mic léinn a spreagadh le smaoineamh, lena gcuid scileanna taighde féin a fhorbairt agus chun a fhoghlaim faoina n-áit dúchais inniu agus le himeacht ama.

A substantial number of public library authorities responded to a Circular issued by the Department of the Environment, Heritage and Local Government in 2005 requesting the submission of local digital content relevant to the primary curriculum themes. A 'Looking at Places' section was created in 2006 to display this content and is accessed via an interactive map in the primary section of the Student Zone. The local studies content was adapted to primary school level and uploaded under the individual county and city locations. It comprises a national source of local information for primary school children. Additions to this content will continue in 2007 and plans are also in place for the development of a highly interactive science section.

The primary school section of the Student Zone has been incorporated into elements of the primary school teachers' in-service training programme and is featured on www.scoilnet.ie, the official education portal of the Department of Education and Science.

A new science and technology topic, working with the National Committee for Science and Engineering Commemorative Plaques, is planned for the general site also in 2007, as well as a Monuments of Ireland topic in working with the National Monuments Service. In addition, Ask About Ireland will host the online link for *The Irish Times* archive and *Griffiths' Primary Valuation,* both of which will be completed by autumn 2007.

D'fhreagair líon mór údarás leabharlanna poiblí an ciorclán a d'eisigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil sa bhliain 2005 inar iarradh ábhar digiteach áitiúil a bheadh ábhartha do théamaí an churaclaim bhunoideachais. I 2006 cruthaíodh rannóg 'Ag Féachaint ar Áiteanna' chun an t-ábhar seo a chur ar taispeáint agus is féidir teacht air trí léarscáil idirghníomhach i rannóg bhunoideachais Chrios na Mac Léinn. Cuireadh an t-ábhar staidéir áitiúil in oiriúint don leibhéal bunscoile agus rinneadh é a uaslódáil faoi na láithreacha contae agus cathrach ar leith. Is éard atá ann ná foinse náisiúnta d'eolas áitiúil i gcomhair páistí bunscoileanna. Leanfar de bheith ag cur leis an ábhar seo sa bhliain 2007 agus tá pleananna ullamh chun go bhforbrófar rannóg eolaíochta atá rí-idirghníomhach.

Táthar tar éis rannóg bhunscoile Chrios na Mac Léinn a shnaidhmeadh i gcodanna de chlár oiliúna inseirbhíse na múinteoirí bunscoileanna agus cuimsítear í ar www.scoilnet.ie, tairseach oifigiúil oideachais na Roinne Oideachais agus Eolaíochta.

Tá sé beartaithe saincheist nua faoin eolaíocht agus teicneolaíocht a chur ar an láithreán ginearálta sa bhliain 2007 freisin agus déanfar é sin i gcomhar leis an gCoiste Náisiúnta um Plaiceanna Cuimhneacháin Eolaíochta agus Innealtóireachta, chomh maith le saincheist faoi Shéadchomharthaí na hÉireann i gcomhar le Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta. Ina theannta sin, déanfaidh 'Fiafraigh Faoi Éirinn' óstáil ar an nasc ar líne i gcomhair na cartlainne *Irish Times* agus i gcomhair *Luacháil Phríomhúil Uí Ghríofa,* agus críochnófar an dá cheann acu siúd faoi fhómhar na bliana 2007.

3.4 Griffith's Valuation

The provision of free online access to *Griffith's Primary Valuation,* forms part of the *Changing Libraries* Programme. *The Primary Valuation* was carried out under the direction of Sir Richard Griffith and published between 1848 and 1864. It is a key primary genealogical resource for the 19th century. A project team has been put in place in An Chomhairle Leabharlanna and the Technical Manager for the project has been selected. In 2006, the team began the process of determining the optimum means of enabling efficient and comprehensive provision of the online access from a number of options. A sample of the documentation has been sent to digitisation experts for review and for a recommendation on the most efficient and effective approach. The aim is to complete the project in 2007.

3.4 Luacháil Uí Ghríofa

Is cuid den Chlár 'Na Leabharlanna Ag Athrú' é teacht ar líne a bheith ar *Luacháil Phríomhúil Uí Ghríofa.* Rinneadh an *Luacháil Phríomhúil* faoi threoir Sir Richard Griffith agus foilsíodh idir 1848 agus 1864 í. Is eochairacmhainn phríomhúil ghinealais í i gcomhair na naoú haoise déag. Cuireadh buíon tionscadail ar bun sa Chomhairle Leabharlanna agus roghnaíodh an Bainisteoir Teicniúil i gcomhair an tionscadail. I 2006, chuir an bhuíon tús leis an obair ó thaobh an modh is fearr a shocrú chun soláthar éifeachtúil cuimsitheach na seirbhíse ar líne ó líon roghanna éagsúla a chumasú. Seoladh sampla de na cáipéisí chuig saineolaithe digitithe chun go ndéanfaidís athbhreithniú orthu agus chun go dtabharfaidís moladh faoin gcur chuige ab éifeachtúla agus ab éifeachtaí. Is í an aidhm atá ann ná an tionscadal a bheith críochnaithe sa bhliain 2007.

4 Library Co-operation: colico

Comhoibriú Idir Leabharlanna: colico

4.1 Functions and membership

The Committee on Library Co-operation in Ireland (COLICO), established in 1977, co-ordinates library co-operation between Northern Ireland and the Republic of Ireland. COLICO also acts as the advisory committee to An Chomhairle and to the Library and Information Services Council (LISC) Northern Ireland, on matters relating to library co-operation. COLICO facilitates the exchange of information and undertakes co-operative work in Irish libraries, North and South, and with The British Library.

An Chomhairle Leabharlanna provides the secretariat to COLICO and publishes the COLICO annual report, which includes inter-lending and document supply statistics for libraries in Northern Ireland and the Republic.

An Chomhairle appointed the following representatives to COLICO for 2006:

- Robin Adams, Librarian, Trinity College Dublin
- Jean Harrison, Librarian, North Eastern Health Board, Co. Louth
- Norma McDermott, Director, An Chomhairle Leabharlanna.
- Ciarán Mangan, County Librarian, Meath County Library
- Donal Tinney, County Librarian, Sligo County Library.
- Teresa Walsh, County Librarian, South Dublin County Libraries.
- Siobhán Fitzpatrick, Librarian, Royal Irish Academy

Mr. Adams was elected as Chair of the COLICO committee.

4.1 Feidhmeanna agus ballraíocht

Déanann an Coiste um Chomhoibriú idir Leabharlanna in Éirinn (COLICO), a bunaíodh sa bhliain 1977, comhordú ar chomhoibriú idir na leabharlanna i bPoblacht na hÉireann agus iad i dTuaisceart Éireann. Thairis sin, feidhmíonn COLICO mar choiste comhairleach don Chomhairle Leabharlanna agus do Chomhairle na Seirbhísí Leabharlanna agus Faisnéise i dTuaisceart Éireann faoi ghnóthaí a bhaineann le comhoibriú na leabharlanna. Éascaíonn COLICO malartú an eolais agus gabhann sé comhobair air féin i leabharlanna na hÉireann, Thuaidh agus Theas, agus le Leabharlann na Breataine.

Cuireann an Chomhairle Leabharlanna an rúnaíocht ar fáil do COLICO agus foilsíonn sí tuarascáil bhliantúil COLICO, a fholaíonn staitisticí ar idir-iasachtaí agus ar sholáthar cáipéisí do leabharlanna i dTuaisceart Éireann agus sa Phoblacht.

Cheap an Chomhairle na hionadaithe seo a leanas ar COLICO do 2006:

- Robin Adams, Leabharlannaí, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
- Jean Harrison, Leabharlannaí, Bord Sláinte an Oirthuaiscirt, Contae Lú
- Norma McDermott, Stiúrthóir, An Chomhairle Leabharlanna
- Ciarán Mangan, Leabharlannaí Contae, Leabharlann Chontae na Mí
- Donal Tinney, Leabharlannaí Contae, Leabharlann Chontae Shligigh
- Teresa Walsh, Leabharlannaí Contae, Leabharlanna Bhaile Átha Cliath Theas
- Siobhán Fitzpatrick, Leabharlannaí, Acadamh Ríoga na hÉireann

Toghadh an tUasal Adams ina Chathaoirleach ar choiste COLICO

COLICO monitors and encourages co-operative projects on the island of Ireland and works towards providing and enhancing shared resources for library staff and users. The committee met three times in 2006, alternating the meetings between Belfast and Dublin. A brief outline of the activities is given below. A fuller account is available in COLICO's annual report. Further information on COLICO is also available on the committee web site at www.librarycouncil.ie/colico.

9

4.2 Pathways to Learning: cross-sectoral library services provision

9 10 11 COLICO is exploring the feasibility of providing a cross-sectoral pathway for learning to users of the public, academic, national and specialised libraries in Ireland to promote wider participation in the knowledge economy. To this end COLICO liaised with the INSPIRE committee and organised the conference 'Pathways to learning: exploring the potential for cross-sectoral library service provision'.

10

A precedent on cross-sectoral library service provision has been set by the Inspire programme (www.inspire.gov.uk) in the United Kingdom, which has received widespread support. INSPIRE is a national programme to encourage and to help libraries from all sectors to work together so that they can provide better support for learners and potential learners. The programme develops the process of managed access to a variety of libraries.

The 'Pathways to Learning' conference took place on 8th November, 2006, at the National Library of Ireland (courtesy of The Director). Supported by An Chomhairle Leabharlanna, LISC Northern Ireland, the Consortium of National and University Libraries (CONUL), and The National Library of Ireland, the conference addressed the challenges of widening access to the rich resources of libraries in all sectors in the island of Ireland.

Déanann COLICO faireachán ar thionscadail chomhoibríocha ar oileán na hÉireann agus tugann sé spreagadh do na tionscadail sin. Oibríonn sé i dtreo acmhainní comhroinnte i gcomhair fhoireann agus úsáideoirí na leabharlanna a chur ar fáil agus a fheabhsú. Bhuail COLICO le chéile trí huaire sa bhliain 2006, i mBéal Feirste agus i mBaile Átha Cliath faoi seach. Tugtar cuntas gearr ar na gníomhaíochtaí thíos. Tá cur síos níos iomláine le fáil i dtuarascáil bhliantúil COLICO. Is féidir a thuilleadh eolais ar COLICO a fháil freisin ar láithreán gréasáin an choiste ag www.librarycouncil.ie/colico.

4.2 Bealaí chun na Foghlama: soláthar trasearnálach na seirbhísí leabharlanna

11

9 10 11 Tá COLICO ag féachaint an bhféadfaí bealach trasearnálach i gcomhair na foghlama a chur ar fáil d'úsáideoirí na leabharlanna poiblí, acadúla, náisiúnta agus saineolaíocha in Éirinn d'fhonn rannpháirteachas níos leithne i ngeilleagar an fheasa a chur chun cinn. Chuige seo, chuaigh COLICO i gcomhairle leis an gcoiste INSPIRE agus d'eagraigh sé an chomhdháil 'Bealaí chun na foghlama: an acmhainneacht i gcomhair sholáthar na seirbhísí leabharlanna ar bhonn trasearnálach'.

Rinne an clár 'Inspire' sa Ríocht Aontaithe (www.inspire.gov.uk), a fuair tacaíocht fhorleathan, fasach ar sholáthar na seirbhísí leabharlanna ar bhonn trasearnálach. Is éard atá in INSPIRE ná clár náisiúnta chun spreagadh agus cabhair a thabhairt do leabharlanna ó gach earnáil ó thaobh oibriú le chéile chun gur féidir leo tacaíocht níos fearr a chur ar fáil d'fhoghlaimeoirí agus d'fhoghlaimeoirí féideartha. Forbraíonn an clár an próiseas i dtaca le teacht faoi réir ar leabharlanna éagsúla.

Tionóladh an chomhdháil 'Bealaí chun na Foghlama' ar 8 Samhain 2006 i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (le caoinchead ón Stiúrthóir). Thacaigh an Chomhairle Leabharlanna, Comhairle na Seirbhísí Leabharlanna agus Faisnéise i dTuaisceart Éireann, Cuibhreannas na Leabharlanna Náisiúnta agus Ollscoileanna agus Leabharlann Náisiúnta na hÉireann leis an gcomhdháil, a phléigh leis na dúshláin ó thaobh teacht ar acmhainní saibhre na leabharlanna a leathnú i ngach earnáil ar oileán na hÉireann.

The programme included presentations on the INSPIRE programme, including the cross-border FOYLE project, and on challenges facing libraries from a variety of perspectives in realising a similar ambition. The keynote address was presented by Senator Maurice Hayes, former Ombudsman for Northern Ireland, who emphasised the value of the combined library sector as a force for inclusion. The conference presentations can be downloaded from the COLICO website.

Following the conference, COLICO agreed to explore the development of a Pathways to Learning programme.

4.3 Projects

4.3.1 NEWSPLAN

The NEWSPLAN project in Ireland was initiated by The British Library and COLICO in order to list newspaper holdings and identify priorities for their preservation through a micro-filming programme. There are two implementation committees, one for the Republic of Ireland and one for Northern Ireland. Liaison between these two committees and with The British Library Newspaper Library is maintained through the NEWSPLAN in Ireland Irish Joint Liaison Committee. An Chomhairle provides the secretariat to the NEWSPLAN in Ireland Irish Joint Liaison Committee.

The NEWSPLAN database on the website of the National Library of Ireland (NLI) provides a listing of all the extant files of Irish newspapers held in the NLI, The British Library, public library authorities, universities, archives and newspaper offices.

Chuimsigh clár na comhdhála léiriúcháin ar an gclár INSPIRE, agus an tionscadal trasteorann FEABHAL san áireamh, agus ar na dúshláin dá dtugann leabharlanna aghaidh ó thaobhanna éagsúla agus iad ag baint cuspóra chomhchosúil amach. Thug an Seanadóir Maurice Hayes, iarOmbudsman Thuaisceart Éireann, an spreagaitheasc, inar leag sé béim ar luach na hearnála comhcheangailte leabharlanna mar chumhacht i gcomhair an chuimsithe. Is féidir léiriúcháin na comhdhála a íoslódáil ón láithreán gréasáin COLICO.

I ndiaidh na comhdhála, d'aontaigh COLICO go gcíorfadh sé forbairt cláir 'Bealaí chun na Foghlama'.

4.3 Tionscadail

4.3.1 NEWSPLAN

Chuir Leabharlann na Breataine agus COLICO tús le tionscadal NEWSPLAN in Éirinn chun liosta a dhéanamh de ghabháltais na nuachtán agus chun tosaíochtaí a shainaithint dá gcaomhnú trí chlár micreascannánaíochta. Tá dhá choiste um chur i ngníomh ann, ceann do Phoblacht na hÉireann agus ceann do Thuaisceart na hÉireann. Cothaítear idirchaidreamh idir an dá choiste seo agus le Leabharlann na Nuachtán de Leabharlann na Breataine trí Choiste na hÉireann um Idirchaidreamh Comhpháirteach NEWSPLAN in Éirinn. Cuireann an Chomhairle an rúnaíocht ar fáil do Choiste na hÉireann um Idirchaidreamh Comhpháirteach NEWSPLAN in Éirinn.

Cuireann bunachar sonraí NEWSPLAN atá lonnaithe ar láithreán gréasáin Leabharlann Náisiúnta na hÉireann liosta ar fáil de na comhaid go léir atá ar marthain faoi nuachtáin na hÉireann i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, i Leabharlann na Breataine, sna húdaráis leabharlanna poiblí, sna hollscoileanna, sna cartlanna agus in oifigí na nuachtán.

4.3.2 *Special Collections Project*

COLICO, with the assistance of CONUL (Consortium of National and University Libraries), aims to develop a database of special collections held in the Republic of Ireland. Members from COLICO and CONUL met with the board of the Northern Ireland project RASCAL (Research and Special Collections Available Locally) to discuss the future development of, and co-operation through, the database. COLICO agreed to develop a pilot scheme to use the RASCAL template to describe special collections. The discovery process will begin in 2007.

4.4 Inter-library lending and document supply

COLICO recognises the importance of inter-library lending and document supply as popular forms of library co-operation. Irish libraries co-operate with the committee by providing data on their document supply and inter-library loans traffic which are included in the statistics, which are analysed and published in the Annual Report.

In 2006 COLICO monitored the initiatives listed below.

4.4.1 *Irish Joint Fiction Reserve Scheme*

An Chomhairle, on behalf of COLICO, administers the Irish Joint Fiction Reserve Scheme, a distributed collection of out-of-print novels and short stories written in English and Irish, which libraries in Ireland have developed since 1965. There are 80,039 items in the collection. Reservation cards, promotional material and additional information about the scheme are available from An Chomhairle.

4.3.2 *Tionscadal na mBailiúchán Speisialta*

Tá sé mar aidhm ag COLICO, le cúnamh ó CONUL (Cuibhreannas na Leabharlanna Náisiúnta agus Ollscoileanna), bunachar sonraí a fhorbairt de bhailiúcháin speisialta a shealbhaítear i bPoblacht na hÉireann. Bhuail baill ó COLICO agus CONUL le bord thionscadal Thuaisceart Éireann RASCAL (Bailiúcháin Taighde agus Bailúcháin Speisialta Ar Fáil Go hÁitiúil) chun forbairt an bhunachair sa todhchaí, agus an comhoibriú tríd an mbunachar sa todhchaí, a phlé. Thoiligh COLICO scéim phíolótach a fhorbairt chun creatlach RASCAL a úsáid d'fhonn cur síos a dhéanamh ar bhailiúcháin speisialta. Cuirfear tús leis an bpróiseas fionnachtana sa bhliain 2007.

4.4 Iasachtaí agus soláthar cáipéisí idir leabharlanna

Aithníonn COLICO an tábhacht a bhaineann le hiasachtaí agus soláthar cáipéisí idir leabharlanna mar shamplaí coitianta comhoibrithe idir leabharlanna. Comhoibríonn leabharlanna leis an gcoiste trí shonraí a chur ar fáil faoina gcuid tráchta ó thaobh soláthar cáipéisí agus iasachtaí idir leabharlanna atá ar áireamh sna staitisticí a mhiondealaítear agus a fhoilsítear sa Tuarascáil Bhliantúil.

I 2006 rinne COLICO faireachán ar na tionscnaimh a liostaítear thíos.

4.4.1 *Comhscéim Áirithinte Ficsin na hÉireann*

Thar ceann COLICO, bainistíonn an Chomhairle Comhscéim Áirithinte Ficsin na hÉireann, cnuasach dáilte úrscéalta agus gearrscéalta i mBéarla agus i nGaeilge a d'fhorbair leabharlanna in Éirinn ó 1965 agus atá anois as cló. Tá 80,039 mír sa chnuasach. Tá cártaí áirithinte, ábhar um chur chun cinn agus eolas breise faoin scéim ar fáil ón gComhairle.

4.4.2 BorrowBooks.ie

12 13 BorrowBooks.ie provides an online single point of access and search across all of the public library authorities catalogues and enables borrowers to locate and request items not held in their own library service from any Internet access location. An initiative of library authorities, supported by An Chomhairle Leabharlanna and the Department of the Environment, Heritage and Local Government, Borrowbooks was funded initially by the Information Society Fund.

The development and pilot of the www.borrowbooks.ie service took place in 2005 under the management of the BorrowBooks Steering Group of County and City Librarians and An Chomhairle Leabharlanna. A Working Group of inter-library loans librarians and An Chomhairle Leabharlanna was responsible for the development of the service process, both online and in terms of inter-library procedures.

12

The service was officially launched by the Minister for the Environment, Heritage and Local Government, Mr. Dick Roche, T.D. at South Dublin County Library, Tallaght, in February 2006. The BorrowBooks service proved very successful in its first year, with a total of 10,900 items requested during the year, and 6,795 items supplied.

4.4.3 CONARLS

CONARLS (the Circle of Officers of National and Regional Library Systems) reviews current issues in inter-lending and library and information co-operation across Ireland and the United Kingdom. The Circle's members are: An Chomhairle Leabharlanna; the seven English regional bodies; the National Library of Scotland Lending Services; Cydfenthyca Cymru – Inter-lending Wales, and the British Library (Bibliographic Services and Document Supply). An Chomhairle Leabharlanna hosts the CONARLS website (www.conarls.org).

4.4.2 BorrowBooks.ie

12 13 Tugann an láithreán gréasáin BorrowBooks.ie pointe teagmhála amháin inar féidir le hiasachtaithe cuardach a dhéanamh sna catalóga go léir de chuid na n-údarás leabharlanna poiblí agus tugann an láithreán seo caoi d'iasachtaithe ar mhír nach bhfuil ar fáil ina gcuid seirbhíse leabharlanna féin a iarraidh agus a aimsiú in aon áit atá nasctha leis an Idirlíon. Tionscnamh na n-údarás leabharlanna is ea é, lena dtacaíonn an Chomhairle Leabharlanna agus an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus ar mhaoinigh Ciste na Sochaí Faisnéise i dtosach é.

Tharla forbairt agus píolótú na seirbhíse www.borrowbooks.ie sa bhliain 2005 faoi bhainisteoireacht Choiste Stiúrtha BorrowBooks na Leabharlannaithe Contae agus Cathrach agus na Comhaire Leabharlanna. Bhí Meitheal de leabharlannaithe i mbun iasachtaí idirleabharlainne agus den Chomhairle Leabharlanna freagrach as forbairt na seirbhíse, - i dtaca leis an tseirbhís ar líne agus ó thaobh na nósanna imeachta idir na leabharlanna.

13

Sheol an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Dick Roche T.D., an tseirbhís go hoifigiúil ag Leabharlann Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, Tamhlacht, i bhFeabhra 2006. D'éirigh go han-mhaith leis an tseirbhís sa chéad bhliain mar iarradh 10,900 mír i gcaitheamh na bliana agus soláthraíodh 6,795 mhír.

4.4.3 CONARLS

Déanann CONARLS (Ciorcal Oifigigh na gCóras Leabharlanna Náisiúnta agus Réigiúnacha) athbhreithniú ar shaincheisteanna reatha ó thaobh na n-iasachtaí idirleabharlainne agus ó thaobh an chomhoibrithe leabharlanna agus faisnéise in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Is iad na baill den Chiorcal ná: An Chomhairle Leabharlanna; na seacht n-údarás réigiúnacha i Sasana; Seirbhísí Iasachta Leabharlann Náisiúnta na hAlban; Cydfenthyca Cymru – Idir-iasachtaí na Breataine Bige agus Leabharlann na Breataine (Seirbhísí Leabhareolaíochta agus Soláthar Cáipéisí). Déanann an Chomhairle Leabharlanna láithreán gréasáin CONARLS a óstáil.

5 Research & Information

Taighde agus Faisnéis

An Chomhairle's Research and Information department provides research resources, facilities and expertise to assist the staff of An Chomhairle, users from the public library and other library sectors, library and information science students studying both within Ireland and elsewhere.

The information services include the research library, an enquiry service, and range of publications including *Irish Library News,* the current awareness service, TIPS, and analyses of public library statistics.

5.1 Research Library

An Chomhairle maintains a research library which consists of books, serials, archival material, photographs and multi-media material on the library and information sector and the needs of the library and information professional, with particular reference to public library authority services.

The material is catalogued on our library management system and can be accessed via the OPAC terminal in the research library. Most items are available for loan. A reference collection of material on Irish libraries is also available for consultation

An Chomhairle provides an enquiry service – by phone, email, letter and online – on matters relating to libraries and librarianship in Ireland.

The Library is open from 9.30-13.00 and 14.00-17.00, Monday-Friday, by appointment.

During 2006 the research and information team began the implementation of an organisation wide document management system to facilitate content management.

Cuireann Roinn an Taighde agus na Faisnéise de chuid na Comhairle acmhainní, saoráidí agus saineolas taighde ar fáil chun cabhrú le foireann na Comhairle, le húsáideoirí ó earnálacha na leabharlanna poiblí agus na leabharlanna eile agus le mic léinn eolaíochta leabharlainne agus faisnéise in Éirinn agus ar an gcoigríoch.

Cuimsíonn na seirbhísí faisnéise seo an leabharlann taighde, seirbhís na bhfiosruithe agus raon foilseachán lena n-áirítear Irish Library News, an tseirbhís feasachta reatha TIPS, agus miondealuithe ar staitisticí leabharlanna poiblí.

5.1 Leabharlann Taighde

Cothaíonn an Chomhairle leabharlann taighde, arb éard atá ann ná leabhair, ábhar srathach cartlainne, grianghraif agus ábhar ilmheánach faoin earnáil leabharlainne agus faisnéise agus faoi riachtanais na bproifisiúnach leabharlainne agus faisnéise, ag féachaint go háirithe do sheirbhísí na n-údarás leabharlanna poiblí.

Déantar an t-ábhar a chatalógú ar ár gcóras bainisteoireachta leabharlainne agus is féidir teacht air tríd an teirminéal OPAC sa leabharlann taighde. Is féidir an chuid is mó de na míreanna a fháil ar iasacht. Tá bailiúchán ábhair faoi leabharlanna na hÉireann ar fáil freisin ar bhonn tagartha.

Cuireann an Chomhairle seirbhís fiosraithe ar fáil – tríd an nguthán, tríd an ríomhphost, tríd an bpost agus ar líne – faoi ghnóthaí a bhaineann le leabharlanna agus leabharlannaíocht in Éirinn.

Tá an Leabharlann ar oscailt ó 9.30 go 13.00 agus ó 14.00 go 17.00, Luan go hAoine, trí choinne a dhéanamh.

I rith 2006, chuaigh an bhuíon taighde agus faisnéise i mbun fhorfheidhmiú córais bhainisteoireacht na gcáipéisí ar fud na heagraíochta chun bainisteoireacht an inneachair a éascú.

5.3 Publications

5.3.1 Irish Library News

Ten issues of *Irish Library News* (Nos. 257-266) were published in 2006. As well as being posted on An Chomhairle's website, 1,650 copies of the newsletter are circulated to library and information services and other organisations, and a further 175 issues are e-mailed to individual subscribers.

5.3.2 TIPS

Eight issues of the current awareness service *TIPS* were published in 2006, providing up-to-date material of interest to library staff.

5.4 Statistics

An Chomhairle continues to collect and analyse statistics on public library authority expenditure. During 2006 *Public library authority annual estimates of expenditure, 2006* was published in electronic format. A summary was also published in printed and electronic versions and issued to local authorities, the Department of the Environment, Heritage and Local Government, and other interested parties. A summary of the findings is given in section 2.6.

5.3 Foilseacháin

5.3.1 Irish Library News

Foilsíodh deich n-eagrán (uimhreacha 257-266) sa bhliain 2006 de *Irish Library News.* Mar aon lena bheith curtha suas ar láithreán gréasáin na Comhairle, dáiltear 1,650 cóip den nuachtlitir ar sheirbhísí leabharlanna agus faisnéise agus eagraíochtaí eile, agus seoltar 175 chóip eile tríd an ríomhphost chuig síntiúsóirí aonair.

5.3.2 TIPS

Foilsíodh ocht n-eagrán de sheirbhís fheasachta reatha TIPS sa bhliain 2006, a chuireann ábhar atá bord ar bhord leis na hathruithe is déanaí ar fáil agus ar díol suime d'fhoireann na leabharlanna é.

5.4 Staitisticí

Leanann an Chomhairle de bheith ag bailiú agus ag miondealú na staitisticí ar chaiteachas na n-údarás leabharlanna poiblí. Foilsíodh meastacháin bhliantúla ar chaiteachas 2006 na n-údarás leabharlanna poiblí i bhfoirm leictreonach i rith 2006. Ina theannta sin, foilsíodh achoimre mar leagan clóite agus mar leagan leictreonach agus eisíodh do na húdaráis áitiúla, don Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus do pháirtithe leasmhara eile í. Tugtar achoimre ar na fionnachtana i rannóg 2.6.

5.5 Exhibitions

14 15 An Chomhairle co-ordinated the production of two photographic exhibitions during the year.

Branching Out, 1999-2006 provides a record of the thirty-five grant-aided public libraries opened during the first phase of the *Branching Out* programme.

Public libraries: a space for all was originally commissioned to accompany and illustrate An Chomhairle Leabharlanna's submission to the National Economic and Social Forum's (NESF) Working Party on Cultural Inclusion and reflects the public library movement's role in this area.

Both exhibitions were shown at the NESF's Plenary Session at The Royal Hospital, Kilmainham on 1st November; at the Library Association of Ireland Public Libraries' Section annual conference in Cavan, and at the National Disability Authority seminar, later that month. The exhibitions were designed to tour and are available to public libraries , and other interested parties, across the country.

14

5.5 Taispeántais

14 15 Rinne an Chomhairle comhordú ar dhá thaispeántas grianghrafadóireachta i rith na bliana.

Branching Out, 1999-2006 – tugann sé seo taifead ar na cúig leabharlann phoiblí is tríocha ar tugadh deontais dóibh agus a osclaíodh i rith na chéad chéime den chlár *Branching Out*.

Leabharlanna poiblí: slí do chách – ar an gcéad dul síos coimisiúnaíodh é seo chun dul in éineacht le haighneacht na Comhairle Leabharlanna chun na Meithle ar Chuimsiú Cultúrach den Fhóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chun an aighneacht sin a léiriú. Is scáil ar fheidhm ghluaiseacht na leabharlanna poiblí sa réimse seo atá san aighneacht.

Taispeánadh an dá thaispeántas ag an Seisún Iomlánach den Fhóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialta san Ospidéal Ríoga, Cill Mhaighneann ar 1 Samhain; ag comhdháil bhliantúil Rannóg na Leabharlanna Poiblí de Chumann Leabharlanna na hÉireann sa Chabhán; agus ag an seimineár den Údarás Náisiúnta Míchumais ní ba dhéanaí an mhí sin. Dearadh na taispeántais chun dul ar chamchuairt agus tá siad ar fáil do leabharlanna poiblí, agus do pháirtithe leasmhara eile, ar fud na tíre.

15

6 Promotional and Representational Activities

Gníomhaíochtaí Um Chur Chun Cinn Agus Ionadaíocht

6.1 READISCOVER Reading Promotion Campaign

16 17 18 Following the success of the first READISCOVER campaign in 2005, An Chomhairle co-ordinated a second READISCOVER campaign, funded by the Department of the Environment, Heritage and Local Government.

In response to the views of the reader development network, the campaign was moved from June to 2nd-10th March, to run during Library Ireland Week. Sixteen library authorities organised 133 events under the READISCOVER brand during the week.

An Chomhairle commissioned a range of promotional materials, including posters and bookmarks featuring renowned author Pat McCabe, well-known rock band The Frames, and television presenter Bláthnaid Ní Chofaigh.

60,000 branded cotton bags were produced, and delivered to each library authority in advance of the campaign. These bags were distributed to public library users and librarians reported that they were in demand.

An Chomhairle also commissioned a national and local radio advertising campaign which ran for two weeks, in advance of and during Library Ireland Week.

The reader development network met in September 2006 to review the campaign. In response to the review, An Chomhairle commissioned training company Book Communications to design and deliver reading promotion courses. Two courses were offered in both Portlaoise and Dublin, and all four days were fully booked.

Arising from the review and consultation with county and city librarians, An Chomhairle submitted a proposal for funding for a third READISCOVER campaign to run in March 2007.

16

17

6.1 Feachtas READISCOVER Chun Léitheoireacht a Chur Chun Cinn

16 17 18 Tar éis an ratha a bhí ar an gcéad fheachtas READISCOVER sa bhliain 2005, chomhordaigh an Chomhairle an dara feachtas READISCOVER, le maoiniú ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Mar fhreagra ar thuairimí líonra forbartha na léitheoirí, bogadh an feachtas ó mhí an Mheithimh go 2-10 Márta chun go rithfeadh sé le linn Sheachtain Leabharlanna na hÉireann. D'eagraigh sé cinn déag d'údaráis leabharlanna 133 imeacht faoin mbranda READISCOVER i rith na seachtaine.

Choimisiúnaigh an Chomhairle raon ábhar um chur chun cinn, póstaeir agus leabharmharcanna a thaispeáin an t-údar cáiliúil Pat McCabe, banna clúiteach rac-cheoil 'The Frames' agus láithreoir teilifíse Bláthnaid Ní Chofaigh ina measc.

Táirgeadh 60,000 de mhálaí cadáis, agus seachadadh ar gach údarás leabharlanna iad roimh an bhfeachtas. Dáileadh na málaí seo ar úsáideoirí na leabharlanna poiblí agus thuairiscigh na leabharlannaithe go raibh éileamh mór orthu.

Thairis sin, choimisiúnaigh an Chomhairle feachtas fógraíochta ar an raidió náisiúnta agus áitiúil a mhair dhá sheachtain, roimh Sheachtain Leabharlanna na hÉireann agus lena linn sin.

Bhuail líonra forbartha na n-úsáideoirí le chéile i Meán Fómhair 2006 chun an feachtas a athbhreithniú. Mar fhreagra ar an athbhreithniú, choimisiúnaigh an Chomhairle cuideachta oiliúna Book Communications chun cúrsaí um chur chun cinn na léitheoireachta a dhearadh agus a sheachadadh. Tairgeadh dhá chúrsa i bPort Laoise agus i mBaile Átha Cliath, agus cuireadh na háiteanna go léir ar na cúrsaí in áirithe.

Ag eascairt ón athbhreithniú agus ón gcomhairliúchán a rinneadh le leabharlannaithe contae agus cathrach, chuir an Chomhairle togra isteach chun maoiniú a fháil do thríú feachtas READISCOVER a rithfeadh i Mí an Mhárta 2007.

18

During the year An Chomhairle and Poetry Ireland agreed to establish 'Poetry in the Library', a programme aimed at promoting poetry in public libraries throughout the country. Six library authorities agreed to participate and host poetry events in a pilot scheme to begin in February 2007.

An Chomhairle also agreed a joint initiative with CLÉ, the Irish publishers association. This will involve an author/publisher tour which will visit selected libraries around the country. The tour aims to promote Irish publishing and writing to library users and increase communication between publishers and libraries.

19

6.2 The Rosetta Collection

19 The Rosetta Collection is a unique collection of Irish contemporary writing translated into a range of languages. It was donated to An Chomhairle Leabharlanna by the Ireland Literature Exchange (ILE), a non-profit making organisation which promotes Irish literature in translation and which receives its funding from both Arts Council in Ireland, from Culture Ireland and from Bord na Leabhar Gaeilge.

Under the "Libraries & Cultural Diversity" project, the collection was made available to the public library network, via Dublin City Public Libraries' Service. A set of duplicate titles was made available via Meath County Library Service.

An Chomhairle and Ireland Literature Exchange reached an agreement with Dublin City Public Libraries whereby they will host the Rosetta Collection on a permanent loan basis. Items will be catalogued and made available to public library users within their library authority and for inter-library loan.

I rith na bliana chomhaontaigh an Chomhairle agus Éigse Éireann (Poetry Ireland) 'Filíocht sa Leabharlann' a bhunú, clár dírithe ar an bhfilíocht a chur chun cinn i leabharlanna poiblí ar fud na tíre. Thoiligh sé údarás leabharlanna páirt a ghlacadh agus imeachtaí filíochta a óstáil i scéim phíolótach a thosódh i bhFeabhra 2007.

Lena chois sin, d'aontaigh an Chomhairle comhthionscnamh le CLÉ, cumann na bhfoilsitheoirí Éireannacha. Cuimseoidh sé seo camchuairt údar/foilsitheoirí a rachaidh go leabharlanna roghnaithe ar fud na tíre. Tá sé mar aidhm ag an gcamchuairt an fhoilsitheoireacht agus an scríbhneoireacht Éireannach a chur chun cinn i measc úsáideoirí leabharlanna agus an chumarsáid idir foilsitheoirí agus leabharlanna a mhéadú.

6.2 Bailiúchán Rosetta

19 Bailiúchán uathúil de scríbhneoireacht chomhaimseartha na hÉireann a tiontaíodh go raon teangacha is ea Bailiúchán Rosetta. Bhronn Idirmhalartán Litríocht Éireann ar an gComhairle Leabharlanna é. Is eagraíocht é Idirmhalartán Litríocht Éireann nach ndéanann brabús, a chuireann aistriúchán ar litríocht na hÉireann chun cinn agus a fhaigheann a maoiniú ón gComhairle Ealaíon in Éirinn, ó Chultúr Éireann agus ó Bhord na Leabhar Gaeilge.

Cuireadh an bailiúchán ar fáil do líonra na leabharlanna poiblí, trí Sheirbhís Leabharlanna Poiblí Chathair Bhaile Átha Cliath faoin Tionscadal um Leabharlanna agus Éagsúlacht Chultúrach. Cuireadh sraith de theidil dhúblacha ar fáil trí Sheirbhís Leabharlanna Chontae na Mí.

Rinne an Chomhairle agus Idirmhalartán Litríocht Éireann comhaontú le Leabharlanna Poiblí Chathair Bhaile Átha Cliath go ndéanfaidh siad Bailiúchán Rosetta a óstáil ar bhonn buan. Déanfar míreanna a chatalógú agus a chur ar fáil d'úsáideoirí na leabharlanna poiblí laistigh dá n-údarás leabharlanna agus i gcomhair iasachta idirleabharlainne.

6.3 National Economic and Social Forum (NESF)

An Chomhairle welcomed the announcement in March of an NESF research project to examine the contribution of libraries (and theatre and the visual arts) to cultural inclusion. As well as making a submission, the Director of An Chomhairle made a presentation to the NESF Project Team. Staff of An Chomhairle also participated in a Plenary Session in November, at which An Chomhairle also displayed an exhibition highlighting both library developments under the *Branching Out* programme and the range of cultural activities in which libraries engage.

6.4 Junior Certificate School Programme Library Project

An Chomhairle continued in membership of the advisory group to the Junior Certificate School Programme Library Project. Following the publication of the project report in 2005, An Chomhairle welcomed the decision of the Department of Education and Science to extend the project to a further forty schools under the DEIS programme. An Chomhairle looks forward to co-operating with the Project further as it enters this phase of expansion.

6.5 Representation on committees/groups

The Director represented An Chomhairle on the following committees during 2006:

Branching Out: Implementation Steering Group (Department of the Environment, Heritage and Local Government) *Member*

Committee on Library Co-operation in Ireland (COLICO) *Member*

E-government research project expert advisory group *Member*

Library and Information Services Council, Northern Ireland (LISC N.I.) *Member*

6.3 An Fóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialta

D'fháiltigh an Chomhairle roimh an bhfógra i Mí an Mhárta go raibh tús á chur le tionscadal taighde chun scrúdú a dhéanamh ar an obair a dhéanann leabharlanna (agus an amharclann agus na hamharcealaíona) ar mhaithe leis an gcuimsiú cultúrach. Chomh maith le haighneacht a dhéanamh, thug Stiúrthóir na Comhairle léiriúchán don Mheitheal den Fhóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialta. Ina theannta sin, ghlac foireann ón gComhairle páirt i Seisún Iomlánach i Mí na Samhna, áit ar nocht an Chomhairle taispeántas a chuir treise ar athruithe sna leabharlanna faoin gclár *Branching Out* agus ar an raon gníomhaíochtaí cultúracha lena mbíonn na leabharlanna gafa.

6.4 Tionscadal Leabharlainne Chlár Scoile an Teastais Shóisearaigh

Lean an Chomhairle mar bhall de ghasra comhairleach an Tionscadail Leabharlainne de Chlár Scoile an Teastais Shóisearaigh. Tar éis fhoilsiú thuarascáil an tionscadail sa bhliain 2005, d'fháiltigh an Chomhairle roimh chinneadh na Roinne Oideachais agus Eolaíochta an tionscadal a fhairsingiú chun go gcuimseodh sé daichead scoil eile faoin gclár DEIS (An Comhionnnas Deise á Sheachadadh i Scoileanna). Tá an Chomhairle ag dúil lena thuilleadh comhoibrithe a dhéanamh leis an Tionscadal de réir mar a thosóidh sé an chéim foráis seo.

6.5 Ionadaíocht ar choistí agus ar dhreamanna

Rinne an Stiúrthóir ionadaíocht don Chomhairle ar na coistí seo a leanas i rith 2006:

Branching Out: Coiste Stiúrtha um Chur i nGníomh (an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil) *Ball*

An Coiste um Chomhoibriú idir Leabharlanna in Éirinn (COLICO) *Ball*

An coiste comhairleach saineolach den tionscadal taighde E-rialtais *Ball*

Comhairle Sheirbhísí Leabharlainne agus Faisnéise Thuaisceart Éireann (LISC N.I.), *Ball*

Library Buildings Database Expert Group *Member*

National Authorities on Public Libraries in Europe (NAPLE) *Irish representative*

Public Libraries Research Committee *Member*

PULMAN EU Project Virtual Advisory Board *Member*

Statistical Information Service Library Standards and Statistics Working Party (UK & Ireland) *Member*

Standing Committee on Public Library Staff Training and Development *Chair*

Annette Kelly, Assistant Director, represented An Chomhairle on the following bodies during 2006:

Branching Out: Implementation Steering Group *Member*

Branching Out: Cultural Heritage panel *Chair*

National Representatives Group (NRG) for the Co-ordination of Digitisation of Cultural Heritage in Europe *Technical advisor*

Public Libraries Research Committee *Chair*

Euro-Focus on The Cultural Heritage Irish National Node-secretary

Brendan Teeling, Assistant Director, represented An Chomhairle during 2006 on:

CDVEC Junior Certificate School Programme Library Demonstration Project Advisory Group *Member*

Gasra Saineolach um Bunachar Sonraí d'Fhoirgnimh na Leabharlanna – *Ball*

Údaráis Náisiúnta ar Leabharlanna Poiblí san Eoraip (NAPLE) *Ionadaí na hÉireann*

Coiste Taighde na Leabharlanna Poiblí *Ball*

Bord Comhairleach Fíorúil Thionscadal PULMAN an Aontais Eorpaigh *Ball*

Meitheal Oibre um Chaighdeáin agus Staitisticí Leabharlanna de Sheirbhís na Faisnéise Staitistiúla (Ríocht Aontaithe & Éire) *Ball*

An Buanchoiste ar Fhorbairt agus Oiliúint Fhoireann na Leabharlanna Poiblí *Cathaoirleach*

Rinne Annette Kelly, Stiúrthóir Cúnta, ionadaíocht don Chomhairle ar na comhlachtaí seo a leanas i rith 2006:

Branching Out: Coiste Stiúrtha um Chur i nGníomh *Ball*

Branching Out: Painéal Oidhreachta Cultúraí *Cathaoirleach*

Coiste na nIonadaithe Náisiúnta um Chomhordú Digitiú Oidhreacht Chultúrach na hEorpa *Comhairleoir Teicniúil*

Coiste Taighde na Leabharlanna Poiblí *Cathaoirleach*

Nód Náisiúnta na hÉireann den Fhócas Eorpach ar an Oidhreacht Chultúrach *Rúnaí*

Rinne Brendan Teeling, Stiúrthóir Cúnta, ionadaíocht don Chomhairle i rith 2006 ar:

Gasra Comhairleach an Tionscadail Leabharlainne Thaispeána de Chlár Scoile an Teastais Shóisearaigh de Choiste Gairmoideachais Chathair Bhaile Átha Cliath – *Ball*

An Tionscadal um Litearthacht Teaghlaigh den Roinn Oideachais agus Eolaíochta – *Ball*

Gasra Saineolach um Bunachar Sonraí d'Fhoirgnimh na Leabharlanna *Cathaoirleach*

An Líonra Náisiúnta um Fhorbairt na Léitheoirí – Comhordaitheoir

Department of Education and Science Family Literacy Project *Member*

Library Buildings Database Expert Group *Chair*

National Reader Development Network *Co-ordinator*

Standing Committee on Public Library Staff Training and Development *Secretary*

Mr Teeling was elected to the Executive Board of the Library Association of Ireland for the year 2006-2007 and was the Association's representative on the Celtic Connections Conference Committee.

6.6 Presentations at conferences, courses and seminars

20 During 2006 the Director gave the following papers and presentations:

20

'Branching Out and the Public Library Service', presentation to the County and City Managers' Association Community, Enterprise, Culture and Amenity Sub-Committee, in Tullamore, in January.

'Realising Potential: The Public Library Service and Cultural Inclusion', to the NESF Cultural Inclusion Project Team, Government Buildings, Dublin, in April.

'The Social and Political Role of Libraries in Delivering Information and e-Government Services', at the third Celtic Connections library conference, Cardiff, Wales, in May.

'Branching Out: Investing in a better public library service', at the County and City Librarians' annual seminar, Cavan, in November.

An Buanchoiste ar Fhorbairt agus Oiliúint Fhoireann na Leabharlanna Poiblí – Rúnaí

Toghadh an tUasal Teeling do Bhord Feidhmiúcháin Chumann Leabharlanna na hÉireann i gcomhair na bliana 2006-2007 agus bhí sé mar ionadaí an Chumainn sin ar Choiste Chomhdháil na gCeangal Ceilteach.

6.6 Léiriúcháin ag comhdhálacha, cúrsaí agus seimineáir

20 I rith 2006 thug an Stiúrthóir na páipéir agus na léiriúcháin seo a leanas:

'Branching Out agus an tSeirbhís Leabharlanna Poiblí', léiriúchán don Fhochoiste Pobail, Fiontair, Cultúir agus Taitneamhachta de Chumann na mBainisteoirí Contae agus Cathrach, sa Tulach Mhór in Eanáir.

'An Acmhainneacht á Baint Amach: An tSeirbhís Leabharlanna Poiblí agus an Cuimsiú Cultúrach', don Mheitheal ar an gCuimsiú Cultúrach den Fhóram Náisiúnta Eacnamaíoch agus Sóisialta, Tithe an Rialtais, Baile Átha Cliath, in Aibreán.

'Feidhm Shóisialta agus Pholaitiúil na Leabharlanna ó thaobh Seirbhísí Faisnéise agus r-Rialtais a Sheachadadh' ag an tríú comhdháil leabharlainne de chuid na gCeangal Ceilteach, Caerdydd, An Bhreatain Bheag i mBealtaine.

'Branching Out: Ag Infheistiú i Seirbhís Leabharlanna Poiblí níos fearr', ag seimineár bliantúil na Leabharlannaithe Contae & Cathrach, An Cabhán, i mí na Samhna.

Mrs McDermott visited Athy Travellers' Centre in December to meet members of Athy Travellers' Group and PICTUREÓGS project team. The project is a partnership between the Travellers' Group, Kildare County Library Service, and the Department of Education and Science. PICTUREÓGS is an 18 minute DVD featuring Traveller culture expressed through story, song and textiles by the men and women of Athy Travellers Group, and will be published in 2007. Discussions took place about projects to be developed during 2007.

Brendan Teeling, Assistant Director, made the following presentations during the year:

'An introduction to An Chomhairle Leabharlanna', to students of the Department of Library and Information Studies, UCD, in February.

Thug an Stiúrthóir cuairt ar Lárionad Bhaile Átha Í den Lucht Siúil i Mí na Nollag chun bualadh le baill de Ghasra Bhaile Átha Í den Lucht Siúil agus de bhuíon tionscadail PICTUREÓGS. Is comhpháirtíocht é an tionscadal idir an Gasra den Lucht Siúil, Seirbhís Leabharlanna Chontae Chill Dara agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Is diosca digiteach ilúsáide (DVD) a mhaireann 18 nóiméad é PICTUREÓGS a léiríonn an cultúr den Lucht Siúil mar a chuireann fir agus mná Ghasra Bhaile Átha Í den Lucht Siúil in iúl é trí scéalta, trí amhráin agus trí theicstílí agus foilseofar i rith 2007 é. Pléadh na tionscadail a shaothrófaí i rith 2007.

Thug Brendan Teeling, Stiúrthóir Cúnta, an léiriúchán seo a leanas i rith na bliana:

'Buneolas ar an gComhairle Leabharlanna' do mhic léinn ag Roinn na Staidéar Leabharlainne agus Faisnéise, An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, i bhFeabhra.

European Activities

Gníomhaíochtaí Eorpacha

7

7.1 Europe Direct

Europe Direct is an initiative of the European Commission's Directorate-General Press and Communications. The initiative aims to enable European citizens to obtain information, advice, assistance and answers to questions on the Union's legislation, policies, programmes and funding opportunities. It also gives citizens an opportunity to provide feedback to the EU institutions in the form of questions, opinions and suggestions, and allows the European Commission to improve the dissemination of accurate information tailored to local needs. An Chomhairle Leabharlanna is co-ordinating a Europe Direct initiative in Ireland in six library authorities.

The *Europe Direct* centres at Blanchardstown, Letterkenny, Dooradoyle, Longford, Macroom, Carraroe and Ballinasloe libraries continued to provide the full range of services during 2006. These include free-phone access to a live question-and-answer service, free PC access to email questions and browse EU online services, and expertly trained staff ready to discuss questions about Europe and what it does. Each regional *Europe Direct* Information Centre, (or 'relay') has trained staff, a wide range of documentation and multimedia information, and the facilities to put people in touch with full-time help desks in the European Commission manned by English-speaking experts.

7.1 Europe Direct

Tionscnamh Ard-Stiúrthóireacht an Choimisiúin Eorpaigh ar an bPreas agus ar an gCumarsáid is ea *Europe Direct.* Tá sé mar aidhm ag an tionscnamh a chur ar chumas shaoránaigh na hEorpa teacht ar eolas, comhairle, cúnamh agus freagraí ar cheisteanna maidir le reachtaíocht, beartais, cláir agus deiseanna maoinithe an Aontais. Thairis sin, tugann sé deis do shaoránaigh ar aiseolas a chur ar fáil d'institiúidí an Aontais Eorpaigh i bhfoirm ceisteanna, tuairimí agus moltaí, agus ligeann sé don Choimisiún Eorpach feabhas a chur ar scaipeadh eolais atá cruinn agus curtha in oiriúint do riachtanais na háite. Tá comhordú á dhéanamh ag an gComhairle Leabharlanna ar thionscnamh *Europe Direct* in Éirinn i sé cinn d'údaráis leabharlanna.

Lean na lárionaid *Europe Direct* sna leabharlanna i mBaile Bhlainséir, i Leitir Ceanainn, i dTuar an Daill, sa Longfort, i Maigh Chromtha, sa Cheathrú Rua agus i mBéal Átha na Sluaighe de bheith ag cur raon iomlán na seirbhísí ar fáil i gcaitheamh 2006. San áireamh anseo tá guthán saorghlao i gcomhair seirbhíse beo 'ceist agus freagra', teacht saor trí Ríomhaire Pearsanta ar cheisteanna ríomhphoist agus brabhsáil trí sheirbhísí ar líne an Aontais Eorpaigh agus foireann atá oilte go saineolach agus atá ullamh chun ceisteanna a phlé faoin Eoraip agus cad a dhéanann sí. Tá foireann oilte, raon mór cáipéisí agus eolais ilmheánaigh ag gach Lárionad Réigiúnach Eolais *Europe Direct* (nó 'athsheachadán'), mar aon leis na saoráidí chun daoine a chur i dteagmháil le línte lánaimseartha cabhrach sa Choimisiún Eorpach ina bhfuil foireann a labhraíonn Béarla.

The centres held a variety of events locally, including talks on EU entitlements and related activities, storytelling for children, and exhibitions. A national essay competition was launched in November for secondary school pupils. The winners of this competition will be announced in early 2007.

Further information is available at www.europedirect.ie, which includes a children's section developed during 2006.

D'eagraigh na lárionaid imeachtaí éagsúla ar an leibhéal áitiúil – cainteanna ar theidlíochtaí san Aontas Eorpach agus gníomhaíochtaí gaolmhara, scéalaíocht do pháistí agus taispeántais ina measc. Seoladh comórtas náisiúnta aistí i Mí na Samhna do dhaltaí meánscoileanna. Fógrófar buaiteoirí an chomórtais seo go luath sa bhliain 2007.

Tá a thuilleadh eolais ar fáil ar www.europedirect.ie, lena n-áirítear rannóg do pháistí a forbraíodh i rith na bliana 2006.

8 Acknowledgements

Buíochas

An Chomhairle records its thanks to the Cathaoirligh, Mayors, and members of local authorities; to County and City Managers and Directors of Service, and to County and City Librarians together with their staff in library authorities; to the Minister for the Environment, Heritage and Local Government and his officials; to the Information Society Fund; to The British Library, to the European Commission, to libraries and library staff at home and abroad, and to the Director and staff for their generous co-operation during the year.

Seán Ryan
Chairman

June 2007

Is mian leis an gComhairle a buíochas a ghabháil leis na Cathaoirligh, leis na Méaraí, agus leis na baill d'údaráis áitiúla; le Bainisteoirí Contae agus Cathrach agus Stiúrthóirí Seirbhísí, agus leis na Leabharlannaithe Contae agus Cathrach mar aon lena gcuid foirne sna húdaráis leabharlanna; leis an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus lena chuid oifigeach; le Ciste na Sochaí Faisnéise; le Leabharlann na Breataine; leis an gCoimisiún Eorpach; le leabharlanna agus foireann na leabharlanna i gcóngar agus i gcéin; agus leis an Stiúrthóir agus leis an bhfoireann as a gcomhoibriú flaithiúil i rith na bliana.

Seán Ryan
Cathaoirleach

Meitheamh 2007

Contents

9.1 Staff as at 31st December 2006 57

9.2 Abstract of accounts and Statement of Balances 58

9.2.1 Receipts and Expenditure 58

9.2.2 Statement of Balances 60

9.2.3 Certificate of Director 61

9.2.4 Certificate of Auditor 61

9.2.5 Prompt Payment of Accounts Act, 1997 61

9.3 Assessments made on local authorities for 2006 62

9.4 Code of Practice for the Governance of State Bodies: report of the Chairman 64

9.5 Customer Care Statement 65

9.6 Publications during 2006 66

9 Appendices

Aguisíní

Clár

9.1 Foireann ag 31 Nollaig 2006 57

9.2 Achomaireacht cuntas agus ráiteas ar iarmhéideanna 58

8.2.1 Fáltais agus Caiteachas 58

8.2.2 Ráiteas ar Iarmhéideanna 60

8.2.3 Deimhniú an Stiúrthóra 61

8.2.4 Deimhniú an Iniúchóra 61

8.2.5 An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997 61

9.3 Measúnuithe a rinneadh ar údaráis áitiúla le haghaidh 2006 62

9.4 Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit: tuairisc an Chathaoirligh 64

9.5 Ráiteas Ar Chúram Custaiméirí 65

9.6 Foilseacháin i rith 2006 66

table 9.1 tábla 9.1

Staff as at 31st December 2006

Foireann ag 31 Nollaig 2006

Director Stiúrthóir	Norma McDermott
Assistant Directors Stiúrthóirí Cúnta	Annette Kelly Brendan Teeling
Librarian* Leabharlannaí	Domitilla Fagan (acting/gníomhach)
Research & Information Officer Oifigeach Taighde agus Faisnéise	Alun Bevan
Administrative Officer Oifigeach Riaracháin	Susan O'Toole
Executive Librarian Leabharlannaí Feidhmiúcháin	Joan Ward
Assistant Librarian (Buildings Database and READISCOVER projects) Leabharlannaí Cúnta (Bunachar Sonraí na bhfoirgneamh agus tionscadail READISCOVER)	Gillian Colton
Assistant Staff Officer Oifigeach Foirne Cúnta	Regina O'Reilly
Senior Library Assistants Cúntóirí Leabharlainne Sinsir	Marie Flynn Rónán MacLochlainn Niamh McNamara (acting/gníomhach)
Library Assistant Cúntóir Leabharlainne	Eugene Farrelly
Clerical Officer 3 Oifigeach Cléireachais	Tadhg Fallon

* Betty Boardman resigned from the post of Librarian with An Chomhairle in January 2006 after almost eight years' service. We wish her well in her new post and thank her for her contribution to An Chomhairle.

* D'éirigh Betty Boardman as a post mar Leabharlannaí leis an gComhairle in Eanáir 2006 i ndiaidh beagnach ocht mbliana seirbhíse. Guímid an t-ádh léi sa phost nua agus gabhaimid buíochas léi as an obair a rinne sí ar mhaithe leis an gComhairle.

table 9.2.1 tábla 9.2.1

Receipts and expenditure

Fáltais agus caiteachas

Receipts / Fáltais	2006 (€)	2005 (€)
Credit Balance at beginning of year Iarmhéid Sochair ag tús na bliana	463,830	456,437
Subsidies: DOEHLG Library Improvements Fóirdheontais: Feabhsuithe Leabharlanna na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil	738,206	855,339
Local Authority Contributions Ranníocaíochtaí na nÚdarás Áitiúil	1,213,462	1,147,911
Bank Interest: Current Account Ús Bainc: Cuntas Reatha	1,592	111
Bank Interest: Deposit Account Ús Bainc: Cuntas Taisce	6,552	7,004
Contributions to Pensions / Salaries (Maternity Benefit) Ranníocaíochtaí do Phinsin / do Thuarastail (Sochar Máithreachais)	30,906	8,064
Sundries Ilfháltais	643	1,225
Staff Superannuation Contributions Ranníocaíochtaí d'Aoisliúntas na Foirne	37,986	37,857
Resources for Research & Development Acmhainní Taighde agus Forbartha	150,800	106,450
Branching Out Implementation of Recommendations 'Branching Out' – Cur i nGníomh na Moltaí	686,639	1,461,206
Total Receipts Fáltais Iomlána	**2,866,786**	**3,625,167**
	3,330,616	**4,081,604**

table 9.2.1 tablá 9.2.1

Receipts and expenditure

Fáltais agus caiteachas

Expenditure / Caiteachas	2006 (€)	2005 (€)
Subsidies: DOEHLG Library Improvements Fóirdheontais: Feabhsuithe Leabharlanna na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil	738,206	767,801
Regional Co-operation and Interlending Comhoibriú agus Idir-Iasachtaí Réigiúnacha	12,925	3,915
Books, Periodicals and Subscriptions Leabhair, Tréimhseacháin agus Síntiúis	32,460	31,698
Salaries & Pensions (Gross) Tuarastail & Pinsin (Suim Chomhlán)	928,244	761,392
Travel, Subsistence and Staff Development Taisteal, Cothú agus Forbairt na Foirne	50,136	75,761
Buildings Maintenance, Equipment, Light & Heat Cothabháil na bhFoirgneamh, Trealamh, Solas agus Teas		
Repairs, Buildings Deisiú, Foirgnimh	10,176	9,349
Equipment, Fittings, Furniture Trealamh, Feisteas, Troscán	78,738	139,524
Light and Heat Solas agus Teas	14,499	13,618
Financial Management System (Audit Fee) Córas Bainistíochta Airgeadais (Táille Iniúchóireachta)	38,233	4,826
Insurances Árachais	15,353	15,233
Printing, Stationery & Communications Priontáil, Páipéarachas agus Cumarsáid		
Printing and Stationery Priontáil agus Páipéarachas	59,361	56,945
Postage and Telecommunications Postas and Teileachumarsáid	29,276	25,539
Sundries Ilchaiteachas	2,897	2,815
Resources for Research and Development Acmhainní Taighde agus Forbartha		
E.U. Projects and Activities Tionscadail agus Gníomhaíochtaí an Aontais Eorpaigh	183,750	114,551
Branching Out Implementation of Recommendations 'Branching Out'– Cur i nGníomh na Moltaí	439,935	1,594,807
Total Expenditure Caiteachas Iomlán	**2,634,189**	**3,617,774**
Credit Balance at year end Iarmhéid Sochair ag deireadh na bliana	**696,427**	**463,830**
	3,330,616	**4,081,604**

table 9.2.2 tábla 9.2.2

Statement of balances

Ráiteas ar Iarmhéideanna

for year ended 31st December 2006 / don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2005	2006 (€)	2005 (€)
Director – Petty cash on hand Stiúrthóir – Mionairgead ar láimh	208	85
Director – Cash on hand Stiúrthóir – Airgead tirim ar láimh	-	1,098,493
Balance in Franking Machine Iarmhéid san Inneall Frainceála	1,527	706
Due by Treasurer Dlite ag an gCisteoir	904,393	289,318
Investment Deposit Account Cuntas Taisce Infheistíochta	26,677	70,125
Insurance prepaid for 2006/2005 Árachas réamhíoctha le haghaidh 2006/2005	14,377	5,764
	947,182	**565,594**
Unpaid Bills Billí gan íoc	250,755	1,000,661
Credit Balance on Revenue Account Iarmhéid Sochair ar Chuntas Ioncaim	696,427	463,830
	947,182.18	**1,464,491.36**

table 9.2.3 tábla 9.2.3

Certificate of Director
Deimhniú an Stiúrthóra

I certify that the foregoing figures are correctly abstracted from the books and accounts of An Chomhairle Leabharlanna.

Deimhním go ndearnadh achomaireacht cheart ar na figiúirí thuas ó leabhair agus ó chuntais na Comhairle Leabharlanna.

Director Stiúrthóir **31th May 2007** 31 Bealtaine 2007

table 9.2.4 tábla 9.2.4

Certificate of Auditor
Deimhniú an Iniúchóra

To: The Chairman and members, An Chomhairle Leabharlanna.

I have audited the books and accounts of An Chomhairle Leabharlanna for the year ended December 31 2006 and I hereby certify the foregoing to be a true abstract therefrom.

Chuig: Cathaoirleach agus baill, An Chomhairle Leabharlanna

Tá leabhair agus cuntais na Comhairle Leabharlanna don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2006 iniúchta agam agus deimhním leis seo go bhfuil an fhaisnéis thuas ina hachomaireacht chruinn orthu.



Local Authority Auditor Iniúchóir na nÚdarás Áitiúil **31th May 2007** 31 Bealtaine 2007

table 9.2.5 tábla 9.2.5

Prompt Payment of Accounts Act, 1997
An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

An Chomhairle Leabharlanna complies with the Prompt Payment of Accounts Act 1997. Accounts are processed on a fortnightly basis to ensure compliance, in so far as is reasonable. During 2006 all accounts were processed within the terms of the Act.

Comhlíonann an Chomhairle Leabharlanna an tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997. Próiseáltar na cuntais gach coicís chun an comhlíonadh a chinntiú, a oiread agus atá réasúnta. I rith 2006 próiseáladh na cuntais go léir de réir théarmaí an Achta.

Assistant Director Stiúrthóir Cúnta **31th May 2007** 31 Bealtaine 2007

table 9.3 tábla 9.3

Assessments made on local authorities for 2006

Measúnuithe a rinneadh ar údaráis áitiúla le haghaidh 2006

Authority Údarás	Levy (c) Tobhach (c)
Carlow County Council Comhairle Chontae Cheatharlach	14,772.95
Cavan County Council Comhairle Chontae an Chabháin	18,154.28
Clare County Council Comhairle Chontae an Chláir	33,157.42
Cork County Council Comhairle Chontae Chorcaí	104,267.52
Donegal County Council Comhairle Chontae Dhún na nGall	44,168.91
Dún Laoghaire/Rathdown County Council Comhairle Chontae Dhún Laoghaire/Ráth an Dúin	61,575.46
Fingal County Council Comhairle Chontae Fhine Gall	63,059.04
Galway County Council Comhairle Chontae na Gaillimhe	45,989.28
Kerry County Council Comhairle Chontae Chiarraí	42,548.23
Kildare County Council Comhairle Chontae Chill Dara	52,634.76
Kilkenny County Council Comhairle Chontae Chill Chainnigh	25,793.10
Laois County Council Comhairle Chontae Laoise	18,869.59
Leitrim County Council Comhairle Chontae Liatroma	8,282.85
Limerick County Council Comhairle Chontae Luimnigh	38,937.67
Longford County Council Comhairle Chontae an Longfoirt	9,974.48
Louth County Council Comhairle Chontae Lú	32,689.97
Mayo County Council Comhairle Chontae Mhaigh Eo	37,706.43
Meath County Council Comhairle Chontae na Mí	43,022.75

Authority Údarás	Levy (€) Tobhach (€)
Monaghan County Council Comhairle Chontae Mhuineacháin	16,885.16
Offaly County Council Comhairle Chontae Uíbh Fhailí	20,439.22
Roscommon County Council Comhairle Chontae Ros Comáin	17,264.32
Sligo County Council Comhairle Chontae Shligigh	18,685.30
South Dublin County Council Comhairle Chontae Bhaile Átha Cliath Theas	76,678.77
North Tipperary County Council Comhairle Chontae Thiobraid Árann Thuaidh	19,587.46
South Tipperary County Council Comhairle Chontae Thiobraid Árann Theas	25,402.06
Waterford County Council Comhairle Chontae Phort Láirge	18,284.63
Westmeath County Council Comhairle Chontae na hIarmhí	23,070.25
Wexford County Council Comhairle Chontae Loch Garman	37,433.53
Wicklow County Council Comhairle Chontae Chill Mhantáin	36,817.11
Cork City Council Comhairle Chathair Chorcaí	39,509.46
Dublin City Council Comhairle Chathair Bhaile Átha Cliath	159,172.13
Galway City Council Comhairle Chathair na Gaillimhe	21,135.58
Limerick City Council Comhairle Chathair Luimnigh	17,344.26
Waterford City Council Comhairle Chathair Phort Láirge	14,317.05
Total due Iomlán Dlite	**1,257,630.98**

table 9.4 tábla 9.4

Code of Practice for the Governance of State Bodies: report of the Chairman

Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit: tuairisc an Chathaoirligh

All appropriate procedures for internal audit, procurement and internal financial control as required under the Code have been complied with.

Táthar tar éis na nósanna cuí imeachta go léir i dtaca leis an iniúchadh inmheánach, leis an soláthar agus leis an rialú inmheánach airgeadais mar a cheanglaítear faoin gCód a chomhlíonadh.

table 9.5 tábla 9.5

Customer Care Statement

Ráiteas Ar Chúram Custaiméirí

An Chomhairle adopted a Customer Care Action Plan at its meeting of 25th April 2002. The plan may be consulted on An Chomhairle's website.

Chinn an Chomhairle ar Phlean Gníomhaíochta um Chúram Custaiméirí ag a cruinniú den 25 Aibreán 2002. Is féidir an plean a fheiceáil ar láithreán gréasáin na Comhairle.

table 9.6 tábla 9.6

Publications during 2006

Foilseacháin i rith 2006

- *Annual Report for the Year Ended 31st December 2005*
  Tuarascáil Bhliantúil don Bhliain dar Chríoch 31 Nollaig 2005
- *Irish Library News*: numbers uimhreacha 257-266
- *Public library authority annual estimates of expenditure, 2006*
- *Public library authority annual estimates of expenditure, summary, 2006*
- *Public library authority actuals, 2004*
- *Tips:* eight issues ocht n-eagrán

design **Carton LeVert**

Minister Dick Roche, T.D., with children from Saint Dominic's School, Tallaght, at the launch of Borrowbooks.ie.

An tAire Dick Roche, T.D., le páistí ó Scoil Dhominic Naofa, Tamhlacht, ag an seoladh de Borrowbooks.ie.

Georgina Byrne (South Dublin County Libraries), Cllr. Therese Ridge (Mayor, South Dublin County Council), and Minister Dick Roche, T.D. at the launch of Borrowbooks.ie.

Georgina Byrne (Leabharlanna Bhaile Átha Cliath Theas), An Comhairleoir Therese Ridge (Méara, Comhairle Chontae Bhaile Átha Cliath Theas), agus an tAire Dick Roche, T.D. ag an seoladh de Borrowbooks.ie.

Norma McDermott (centre), and Breda Gleeson (Kildare County Librarian, right) pictured with members of the Athy Travellers' Club and Pictureogs team.

Norma McDermott (sa lár), agus Breda Gleeson (Leabharlannaí Chontae Chill Dara, ar dheis) i dteannta roinnt ball de Ghasra Bhaile Átha Í den Lucht Siúil.

The Source Central Library and Arts Centre Thurles, County Tipperary

Leabharlann Lárnach agus Lárionad Ealaíon na Foinse, Durlas Éile, Contae Thiobraid Árann

Pictured at the Pathways to Learning conference are Jean Harrison (HSE, North Eastern Area); Ann Cleary (Dundalk Institute of Technology Ireland); Norma McDermott, and Helen Osborn (Western Education and Library Board).

Grianghraf a glacadh ag an gcomhdháil 'Bealaí chun na Foghlama': Jean Harrison (Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte – Limistéar an Oir-Thuaiscirt); Ann Cleary (Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgan); Norma McDermott, agus Helen Osborn (Bord Leabharlanna agus Oideachais an Iarthair).

Ballina branch library, County Mayo

Leabharlann chraoibhe Bhéal an Átha, Chontae Mhaigh Eo

Pictured at the Pathways to Learning conference are Aonghus Ó hAonghusa (National Library of Ireland); Norma McDermott; Robin Adams (Trinity College Dublin), and Eucharia Meehan (Higher Education Authority)

Ag an gcomhdháil 'Bealaí chun na Foghlama' bhí: Aonghus Ó hAonghusa (Leabharlann Náisiúnta na hÉireann); Robin Adams (Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath), agus Eucharia Meehan (An tUdaráis um Ard-Oideachais).

At the handover of the Rosetta List to Dublin City Libraries were (l-r): Maire Ni Dhonnchadha (ILE), Annette Kelly, Sinéad Mac Aodha (ILE), and Deirdre Ellis-King (Dublin City Librarian).

I láthair nuair a aistríodh an Liosta Rosetta chuig Leabharlanna Chathair Bhaile Átha Cliath bhí (ó chlé go deis): Maire Ní Dhonnchadha (Idirmhalartán Litríocht Éireann), Annette Kelly, Sinéad Mac Aodha (Idirmhalartán Litríocht Éireann), agus Deirdre Ellis-King (Leabharlannaí Chathair Bhaile Átha Cliath).

Listening intently at the Pathways to Learning conference were Philip Cohen (Dublin Institute of Technology); Nicola Fay (HSE Dublin Mid-Leinster); Bennery Rickard (HSE National Shared Services); Siobhán Fitzpatrick (Royal Irish Academy); Andrew Green (INSPIRE), and Sally Curry (INSPIRE).

Ag éisteacht go géar ag an gcomhdháil 'Bealaí chun na Foghlama' bhí Philip Cohen (Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath); Nicola Fay (Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte – Baile Átha Cliath Lár Chúige Laighean); Bennery Rickard (Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte – Seirbhísí Comhroinnte Náisiúnta); Siobhán Fitzpatrick (Acadamh Ríoga na hÉireann); Andrew Green (INSPIRE), agus Sally Curry (INSPIRE).

An Chomhairle Leabharlanna

53 & 54 Upper Mount Street
Dublin 2, Ireland

53 & 54 Sráid an Mhóta Uachtarach
Baile Átha Cliath 2, Éire

Telephone / Teileafón
+353 1 6761963 / 6761167

Fax / Facs
+353 1 6766721

Email / Ríomhphost
info@librarycouncil.ie

www.librarycouncil.ie

© 2007 An Chomhairle Leabharlanna prn A7/1255 issn 0790-9691